2025/1288

30.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1288 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí clóiríde coilín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 31 Deireadh Fómhair 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí clóiríde coilín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín) ar bhonn Airteagal 5 'den bhun-Rialachán'. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Balchem Italia Srl agus Taminco BV ('na gearánaigh') isteach an 17 Meán Fómhair 2024. Ba é tionscal clóiríde coilín an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/92 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. De bhreis air sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí féideartha eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí, trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2024/6602, 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6602/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/92 an 20 Eanáir 2025 lena gcuirtear allmhairí clóiríde coilín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/92, 21.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/92/oj).

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(6) Mhaígh Van Eeghen Functional Ingredients BV ('Van Eeghen') nach bhfuil an dá ghearánach gníomhach mar tháirgeoirí de chuid an Aontais i margadh na clóiríde coilín de ghrád bia agus, dá bhrí sin, nach sroichfidís sciar 25 % den mhargadh is gá chun imscrúdú a thionscnamh maidir le hallmhairí clóiríde coilín de ghrád bia.

(7) Maidir leis an tairseach 25 % is gá chun imscrúdú a thionscnamh agus a luaitear in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, shoiléirigh an Coimisiún nach bhfuil feidhm aige maidir le sciar den mhargadh, ach maidir le táirgeacht an Aontais – ba cheart go mbeadh 25 % ar a laghad de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil ag táirgeoirí de chuid an Aontais a thacaíonn go sainráite leis an ngearán. Mar a luaitear in aithris (14) thíos, is ionann an dá ghearánach agus níos mó ná 80 % de tháirgeacht an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil agus dá bhrí sin comhlíontar an tairseach sin den chuid is mó.

(8) Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe in aithrisí (33) agus (34) thíos, meastar gur dhá chineál den táirge faoi imscrúdú iad clóiríd choilín de ghrád bia agus clóiríd choilín de ghrád beatha araon.

(9) Mhaígh Comhlachas Allmhairithe/Onnmhairithe Earraí Bia, Táirgí Dúchasacha agus Fotháirgí Ainmhithe na Síne ('CFNA') ([4]) gur cheart a mheas gur táirgeoirí iad triomadóirí an táirge faoi imscrúdú agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cheanglais maidir le seasamh agus ionadaíochas thionscal an Aontais. Ina theannta sin líomhain CFNA go bhféadfadh cleamhnachtaí a bheith ag na gearánaigh le haon cheann de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne den táirge lena mbaineann.

(10) Tugtar aghaidh ar an maíomh maidir leis na triomadóirí in aithris (160).

(11) Maidir le líomhain CFNA go bhféadfadh cleamhnachtaí a bheith ag an dá ghearánach le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, dheimhnigh agus d'fhíoraigh an Coimisiún maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nach raibh ann d'aon chaidreamh den sórt sin. Ina mhalairt de chás, diúltaíodh don mhaíomh toisc nár thug aon fhianaise bunús leis.

(12) Mhaígh CFNA nach raibh nochtadh leordhóthanach sa ghearán, rud a bhain an bonn de cheart cosanta na bpáirtithe leasmhara, agus d'iarr sé ar an gCoimisiún a éileamh ar na gearánaigh an oibleagáid maidir le nochtadh iomlán a chomhlíonadh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme. Thug an Coimisiún dá aire gur theip ar CFNA cá háit a mbeadh nochtadh neamhleor sa ghearán a shainaithint. Mheas an Coimisiún gur chomhlíon an leagan neamhrúnda den ghearán na caighdeáin is infheidhme den bhun-Rialachán lena gceanglaítear go bhfuil an leagan neamhrúnda den ghearán mionsonraithe go leor chun go mbeidh páirtithe leasmhara in ann tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint aon fhaisnéise a cuireadh isteach faoi rún. Ar an gcúis sin, diúltaítear don mhaíomh ar na saincheisteanna nós imeachta.

1.5. **Sampláil**

(13) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(14) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Mar sin féin, le Nóta a ghabhann leis an gComhad ([5]), chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas gur éirigh sé as an tsampláil ós rud é nár thug ach an dá ghearánach freagra ar na ceisteanna seasta. Bhí os cionn 80 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin an táirge chomhchosúil mheasta san Aontas ag an dá tháirgeoir seo de chuid an Aontais. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt ina leith sin. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an gcinneadh chun éirí as an tsampláil. Bhí an dá chuideachta ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

([4]) Déanann CFNA ionadaíocht shonrach san imeacht seo ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas: Taian Havay Chemicals Co., Ltd, Liaoning Biochem Co., Ltd., Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd. agus Shandong FY Feed Technology Co., Ltd.

([5]) t24.009637.

Sampláil allmhaireoirí neamhchomhlachaithe

(15) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar. Sholáthair allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, ní raibh gá le sampláil a dhéanamh ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(16) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(17) Sholáthair seacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go bhfuil 57 % d'iomlán na n-onnmhairí clóiríde coilín chuig an Aontas acu arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla a roghnaíodh.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(18) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(19) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí an Aontais, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus chuig an allmhaireoir neamhchomhlachaithe comhoibríoch. Cuireadh na ceistneoirí céanna, chomh maith le ceistneoir a bhí beartaithe d'úsáideoirí an táirge faoi imscrúdú, ar fáil ar líne ([6]) lá an tionscnaimh.

(20) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ón dá tháirgeoir de chuid an Aontais, ó úsáideoir amháin, ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin agus ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte de chuid na Síne.

(21) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— Balchem Italia Srl, an Iodáil

— Taminco BV, an Bheilg

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne:

— Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd., Liaocheng City, Shandong Province, an tSín

— Shandong FY Feed Technology Co., Ltd, Binzhou City, Shandong Province, an tSín (dá ngairtear'SFY' anseo feasta).

— Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd, Zouping City, Shandong Province, an tSín (soláthróir-táirgeoir de chuid SFY, dá ngairtear'SYB' anseo feasta).

([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2756.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(22) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(23) Is í clóiríd choilín an táirge faoi imscrúdú, i ngach foirm agus íonacht, bíodh sí ar iompróir nó ná bíodh, ag a bhfuil íoschion clóiríde coilín 30 % de réir meáchain, seachas teitrihiodráit chlóiríde choilín fosfairile chailciam ag a bhfuil uimhir CAS 72556-74-2.

(24) Is comhdhúil orgánach agus salann amóiniam cheathartha í clóiríd choilín. Is í foirmle mhóilíneach clóiríde coilín íon $[(CH_3)_3NCH_2CH_2OH]^+Cl^{–}$ agus is é 139,62 g/mol a meáchan móilíneach. Is ann do chlóiríd choilín mar thuaslagán uiscí agus i bhfoirm chriostalaithe. Mar thuaslagán uiscí, tá clóiríd choilín gan dath agus is féidir í a thabhairt i bhfoirm sholadach tríd an uisce a ghalú, rud as a dtagann salann bán criostalta.

(25) Is minic a úsáidtear clóiríd choilín mar bhreiseán i mbeatha ainmhithe. Is cothaitheach fíor-riachtanach é le haghaidh fáis, forbartha agus dea-shláinte go leor speiceas ainmhithe, go príomha i margaí na héanlaithe clóis agus na feola. Úsáidtear clóiríd choilín freisin i mbia don duine agus i bhfeidhmeanna nútraiceadacha. Go háirithe, cuirtear clóiríd choilín le bainne foirmle do naíonáin agus le forlíontaí cothaithe réamhbhreithe toisc go dtacaíonn sí le forbairt agus gníomhaíocht inchinne. Is oibreán cobhsaithe cré í clóiríd choilín freisin chun sreabháin a scoilteadh sa tionscal ola agus gáis.

(26) Táirgtear clóiríd choilín i dtrí phróiseas imoibriúcháin ina dhiaidh sin. Ar an gcéad dul síos, imoibríonn meatánól agus amóinia chun trímheitiolaimín ('TMA') a dhéanamh. Imoibrítear TMA ansin le haigéad hidreaclórach ('HCl') chun hidreaclóiríd trímheitiolaimín (salann) a dhéanamh. Ar an tríú dul síos, imoibríonn hidreaclóiríd trímheitiolaimín le hocsaíd eitiléine chun clóiríd choilín leachtach a dhéanamh. Ídíonn na próisis fuinneamh, e.g. gás nádúrtha agus leictreachas, ach ní tháirgeann siad aon seachtháirge seachas uisce.

(27) Baintear tiúchan chlóiríd choilín an táirge deiridh amach le linn an phróisis íonúcháin trí uisce a bhaint. Chun clóiríd choilín a chur ar iompróir, déantar clóiríd choilín leachtach a spraeáil agus a mheascadh go maith leis an iompróir, i.e., arbhar déise, laíon biatais siúcra, dé-ocsaíd shilice, agus ansin triomaítear í chun an cion taise a laghdú agus an tiúchan clóiríde coilín is inmhianaithe a fháil. Is é an táirgeoir clóiríde coilín leachtaí nó oibreoirí eile (triomadóirí) a dhéanann an próiseas triomaithe. Cheannódh na hoibreoirí sin clóiríd choilín leachtach chun í a chur i bhfeidhm ar iompróir agus ansin an chlóiríd choilín chríochnaithe atá measctha le hiompróir a dhíol le trádálaithe agus le húsáideoirí.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(28) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 2923 10 00, ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, ex 2106 agus 3824 99 96 (agus a thagann faoi chód breise TARIC 89ID ón tionscnamh ar aghaidh). Faoi láthair tagann an táirge faoi chóid AC ex 2923 10 00, ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, ex 2106 agus 3824 99 96 (cóid bhreise TARIC 89RB, 89RC, 89RD, 89RE, 89RF, 89RG, 89RH agus 89YY).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(29) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(30) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(31) D'áitigh Van Eeghen agus CFNA gur cheart clóiríd choilín de ghrád bia a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe. Mhaígh siad go bhfuil difríocht mhór idir an chlóiríd choilín a úsáidtear le haghaidh beathú ainmhithe agus an chlóiríd choilín a úsáidtear le haghaidh cothú an duine maidir le leibhéal íonachta, ceanglais dhlíthiúla, feidhmíocht agus úsáid an táirge, praghas agus dinimic an mhargaidh.

(32) Mhaígh Kirsch Pharma GmbH ('Kirsch Pharma') nár cheart clóiríd choilín de ghrád bia a bheith faoi réir aon fhorchur dleachtanna frithdhumpála toisc nach leor táirgeadh an chineáil sin den táirge faoi imscrúdú san Aontas chun éileamh mhargadh an Aontais a chumhdach agus go raibh eagla air go mbeadh ganntanas soláthair ann i gcás ina bhforchuirfí bearta ar chlóiríd choilín de ghrád bia.

(33) Maidir le táirgeadh clóiríde coilín san Aontas don mhargadh de ghrád bia, dheimhnigh an Coimisiún ar dtús nach dtáirgeann na gearánaigh clóiríd choilín mar bhia don duine faoi láthair. Tá an margadh de ghrád bia sách beag agus meastar gurb ionann é agus 5 % de mhargadh an Aontais ar a mhéad. Dá bhrí sin, i bhfianaise imthosca deacra an mhargaidh a shonraítear faoi roinn 4.4 den Rialachán seo, dhírigh tionscal an Aontais ar sciartha den mhargadh ar an bpríomh-mhargadh beatha a chaomhnú. D'áitigh na gearánaigh freisin nach bhfuil leas ann faoi láthair ó thaobh an gheilleagair chun dul isteach sa mhargadh beag sin ina bhfuil, a dúirt siad, allmhairí na Síne go mór i gceannas ach go bhféadfaidís dul isteach sa mhargadh sin le bearta i bhfeidhm. Mar sin féin, tá clóiríd choilín de ghrád bia fós á táirgeadh ag an tríú táirgeoir de chuid an Aontais, ar áiríodh a shonraí sa ghearán agus freisin sna macrashonraí a chuirtear i láthair sa rialachán seo. D'áitigh an páirtí sin, Algry Química, gur bhain díobháil dó as dumpáil dhíobhálach ar an margadh bia agus, dá bhrí sin, gur cheart clóiríd choilín de ghrád bia a chumhdach leis an imscrúdú.

(34) I bhfianaise an mhaímh faoi aithris (31) thuas, scrúdaigh an Coimisiún an bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus/nó ceimiceacha céanna ag clóiríd choilín le haghaidh bia don duine (grád bia) agus clóiríd choilín le haghaidh feidhmeanna beatha. Chinn an Coimisiún gur féidir clóiríd choilín le haghaidh bia don duine agus clóiríd choilín le haghaidh feidhmeanna beatha a mheas mar dhá fhochineál éagsúla den táirge céanna lena mbaineann. Déantar iad a mhonarú ar an mbealach céanna, tá an comhdhéanamh ceimiceach céanna acu go bunúsach agus tá na buntréithe fisiceacha céanna acu. Is fíor go bhfuil caighdeáin tástála níos airde ag clóiríd choilín a dhíoltar leis an tionscal bia agus nach mór deimhnithe tástála sonracha a bheith ag gabháil léi ach ní hamhlaidh atá i gcás clóiríd choilín le haghaidh feidhmeanna beatha. Mar sin féin, ní athraíonn na ceanglais rialála bhreise sin an táirge iontu féin agus ní bhaineann siad le cáilíocht ná íonacht éagsúil clóiríde coilín le haghaidh bia don duine. A mhéid is féidir clóiríd choilín de ghrád bia a dhíol ar phraghsanna níos airde toisc go meastar gur táirge nideoige í i gcomparáid le clóiríd choilín le haghaidh feidhmeanna beatha, ní chaitheann sé sin ann féin amhras ar aonchineálacht raon feidhme an táirge san imscrúdú seo. Thug an Coimisiún dá aire freisin nach ndéanann an difríocht phraghais idir clóiríd choilín don mhargadh bia i gcomparáid le clóiríd choilín don mhargadh beatha, más ann di, difear do na ríomhanna díobhála toisc go bhfuil uimhreacha rialaithe táirgí éagsúla ag na fochineálacha táirgí sin agus, dá bhrí sin, nach gcuirtear iad i gcomparáid lena chéile.

(35) Sa bhreis ar an méid thuas, chuir Algry Química in iúl an baol maidir le himchéimniú na mbeart dá n-eisiafaí clóiríd choilín le haghaidh bia don duine, toisc go bhféadfaí allmhairí a allmhairiú ansin mar allmhairí lena n-úsáid ag an duine agus ina dhiaidh sin, a luaithe a bheadh siad i margadh an Aontais, iad a atreorú chuig úsáideoirí san earnáil bheatha.

(36) I bhfianaise a bhfuil thuas, diúltaíodh go sealadach don mhaíomh go n-eisiafaí clóiríd choilín de ghrád bia ó raon táirge an imscrúdaithe.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(37) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(38) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun clóiríd choilín a tháirgeadh. Chuir ocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(39) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(40) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, an 18 Nollaig 2024 chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas go raibh sé beartaithe aige úsáid a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. Ní bhfuarthas aon bharúil ó Rialtas na Síne maidir leis an bhfógra sin. Dá bhrí sin, deimhnítear cur i bhfeidhm Airteagal 18 chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(41) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, de réir na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh Meicsiceo a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(42) An 20 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta a ghabhann leis an gcomhad ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh clóiríde coilín. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún na tíortha ionadaíocha féideartha seo a leanas, is é sin, Meicsiceo, an Téalainn, an Bhrasaíl agus an Mhalaeisia.

(43) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta ón ngearánach agus ó cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(44) An 28 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus an Bhrasaíl ina tír ionadaíoch. Chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go suíodh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis ar bhonn sonraí airgeadais dhá chuideachta de chuid na Brasaíle, is é sin, Dexxos Participacoes S.A. agus Prox Do Brasil Produtos Quimicos S.A., ar sonraí iad atá ar fáil go héasca. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an úsáid a beartaíodh do na sonraí sin. Sa dara nóta, thug an Coimisiún aghaidh freisin ar na barúlacha a fuair sé ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcéad nóta.

3.2. **An Gnáthluach**

(45) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(46) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear* […] *nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*' agus '*[á] ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(47) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(48) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le hearnáil ceimiceán na Síne ([7]), chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach i gceist de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(49) Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shubstaintiúil ó rialtas na Síne, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([8]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil ceimiceán sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([9]), ach go bhfuil sé de chumas ar Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([10]). Thairis sin, shuigh an Coimisiún go mbíonn éifeacht shaobhach bhreise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([11]).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eiritríotóil de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1959, 19.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1959/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú onnmhaireora nua de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2180, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2180/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 100, 13.4.2023, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/752/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441 ón gCoimisiún an 11 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 85,12.3.2021, lch.154, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/441).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 161-162; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 89-90; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 70.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 103-113; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 46-50; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 49.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 114-122; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 51-55; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithrisí 50-54. Cé go bhféadfaí a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. San am atá thart, is cosúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige ar chinntí gnó a bheith faoina smacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin go bhfuil brú á chur ag Páirtí Cumannach na Síne ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % de thart ar 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí sin. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, ar fud gach earnála, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 123-133; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 56-65; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithrisí 55-63.

Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([12]). Ar an gcaoi chéanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil ceimiceán de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([13]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha sa tSín ([14]).

(50) Mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir le hearnáil ceimiceán na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh, chomh maith le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([15]) (*'Tuarascáil'*), tuarascáil a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(51) Líomhnaíodh sa ghearán go bhfuil ann do shaobhadh suntasach in earnáil clóiríde coilín na Síne. Rinneadh tagairt ann don Tuarascáil agus go háirithe do chóras eacnamaíoch na Síne a bheith ina 'gheilleagar margaidh sóisialach' agus do ról gníomhach Pháirtí Cumannach na Síne san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon sa tSín.

(52) Go sonrach, chuir an gearán an méid seo a leanas in iúl:

— Is féidir úinéireacht Stáit agus ardleibhéal rialaithe/cur isteach ón Stát a bheith mar shaintréith ag tionscal clóiríde coilín na Síne. Tá dlúthnaisc ag roinnt táirgeoirí clóiríde coilín le Rialtas na Síne, le rialtais réigiúnacha nó áitiúla, go díreach nó trí chomhlachais. Mar shampla, bhí táirgeoir clóiríde coilín amháin de chuid na Síne, Liaoning Biochem, ina chuideachta faoi úinéireacht Stáit roimhe seo faoi Aireacht Talmhaíochta na Síne. Tá táirgeoir clóiríde coilín eile, Jining Choline Factory, faoi úinéireacht iomlán an rialtais áitiúil (i.e. Daon-Rialtas Sráidbhaile Nanzang) ([16]).

— Coinníonn Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne struchtúir lena n-áirithítear go mbeidh tionchar leanúnach agus rialú leanúnach acu ar chuideachtaí, go háirithe cuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Go ginearálta, déanann Rialtas na Síne cur chun feidhme beartas eacnamaíoch ginearálta ag cuideachtaí aonair a cheapadh agus a mhaoirsiú go gníomhach chomh maith le páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht oibríochtúil trí uainíocht caidrí idir údaráis rialtais agus cuideachtaí, trí chomhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne a bheith i láthair i gcomhlachtaí feidhmiúcháin agus tríd an struchtúr corparáideach a mhúnlú. Mar shampla, tá

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 134-138; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 66-69; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 64.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 139-142; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 71-72; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 65.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 143-152; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 72-81; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 66.

([15]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final, atá le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga , lena n-áirítear an leagan roimhe seo den doiciméad: Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD (2017) 483 final/2, atá le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en.

([16]) Féach leathanach 13 den ghearán (leagan oscailte).

dlúthnaisc ag bunaitheoir agus cathaoirleach Arshine Group, táirgeoir clóiríde coilín de chuid na Síne, le Rialtas na Síne trína cleamhnacht páirtí pholaitiúil. Ina theannta sin, is eol go ndearna táirgeoirí clóiríde coilín amhail GHW International Group, Tai'an Havay Group Co., Ltd., agus Arshine Group toscaireachtaí Pháirtí Cumannach na Síne a óstáil ar a n-áitreabh. Bíonn tionchar ag Rialtas na Síne freisin ar tháirgeoirí clóiríde coilín trí chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, mar a thugtar orthu, a shuiteáil i gcuideachtaí aonair agus trí chomhlachais ionadaíocha tionscail, amhail Cónaidhm Thionscal Peitriliam agus Ceimiceán na Síne ('CPCIF') agus Comhlachas Bainistíochta Fiontraíochta Ceimiceán na Síne. Dá réir sin, tá cuideachtaí poiblí agus príobháideacha araon i dtionscal clóiríde coilín na Síne faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta, rud a chuireann cosc ar na cuideachtaí sin oibriú faoi dhálaí an mhargaidh ([17]).

— Faigheann táirgeoirí clóiríde coilín na Síne fóirdheontais agus cistiú ó ghníomhaireachtaí rialtais ar leibhéil éagsúla, tá rochtain fhabhrach acu ar mhaoiniú agus ar thosca táirgeachta agus tá siad cosanta ar iomaíocht. Go háirithe, aithnítear roinnt táirgeoirí clóiríde coilín de chuid na Síne mar Fhiontair Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta (e.g. NB Group, Shandong Aocter, Shandong Yinfeng, agus Hangzhou Donglou), rud a fhágann go bhfuil siad i dteideal go leor fóirdheontas a fháil i bhfoirm iasachtaí fabhracha, sochair chánach, agus rochtain fhabhrach ar thalamh ([18]).

— Tá ann do bheartais phoiblí nó bearta poiblí is infheidhme maidir leis an earnáil clóiríde coilín sa tSín lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Go sonrach, measann Rialtas na Síne gur tionscal straitéiseach é an tionscal ceimiceán, mar a mhínítear sa 14ú Plean Cúig Bliana. Meastar freisin gur príomhthionscal é an tionscal ceimiceán faoi Threochlár Made in China 2025, lena dtugtar rochtain do tháirgeoirí na Síne ar shásraí tacaíochta straitéiseacha. Áirítear ar phleananna nó bearta eile lena dtugtar tacaíocht do thionscal clóiríde coilín na Síne, i measc nithe eile, Catalóg na dTionscal a Spreagann Infheistíocht Eachtrach (eagrán 2022), Catalóg Threorach maidir le Coigeartú Struchtúrach Tionscail (eagrán 2019), an 14ú Plean Forbartha 5 Bliana don Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán, agus Treoirlínte na Comhairle Stáit maidir le Claochlú Teicneolaíoch Fiontair a Chur Chun Cinn (2012). Tá beartais phoiblí nó bearta poiblí den sórt sin curtha chun feidhme ag Rialtas na Síne freisin ar an leibhéal an chúige nó ar an leibhéal áitiúil. Mar shampla, téann an 14ú Plean 5 Bliana Shandong maidir le Forbairt an Tionscail Ceimiceáin chun tairbhe do tháirgeoirí clóiríde coilín i gcúige Shandong, áit a bhfuil formhór na dtáirgeoirí clóiríde coilín aitheanta lonnaithe. Ghlac cúigí Jiangsu agus Jiangxi pleananna comhchosúla agus bhunaigh cúigí Hebei agus Zhejiang criosanna tionsclaíocha le beartais fhabhracha lena dtacaítear le cuideachtaí ceimiceacha, lena n-áirítear táirgeoirí clóiríde coilín ([19]).

— Go bunúsach, tá na costais a bhaineann le gach toisc táirgeachta clóiríde coilín saofa sa tSín agus mar sin níl costais agus praghsanna na Síne á dtiomáint ag fórsaí an mhargaidh. Is ionann roinnt amhábhar chun clóiríd choilín a tháirgeadh, lena n-áirítear ocsaíd eitiléine, meatánól, amóinia agus aigéad hidreaclórach, agus amhábhair cheimiceacha atá faoi réir an tsaofa chéanna leis an tionscal clóiríde coilín féin. Ina theannta sin, déanann Rialtas na Síne idirghabháil mhór agus chórasach i margadh cumhachta na Síne agus dá thoradh sin tá praghsanna fuinnimh saofa freisin. Le beartais stáit, laghdaítear freisin costas an trealaimh agus an innealra do thionscail atáthar a spreagadh, amhail an tionscal ceimiceáin, lena n-áirítear an tionscal clóiríde coilín. Is minic a chumhdaíonn Rialtas na Síne na costais taighde agus forbartha san earnáil ceimiceán trí scéimeanna beartais. Ar deireadh, is iondúil go mbíonn táirgeoirí ceimiceán faoi réir saofa ón mbarr anuas a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach dlíthe maoine agus costas pá sa tSín. I bhfianaise a bhfuil thuas, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil tionchar mór ag Rialtas na Síne ar shocrú praghsanna agus ar fhorbairt an tionscail clóiríde coilín sa tSín ([20]).

([17]) Féach leathanaigh 13-15 den ghearán (leagan oscailte).

([18]) Féach leathanach 15 den ghearán (leagan oscailte).

([19]) Féach leathanaigh 15-18 den ghearán (leagan oscailte).

([20]) Féach leathanaigh 18-23 den ghearán (leagan oscailte).

— Sa tSín is iad institiúidí a dheonaíonn rochtain ar mhaoiniú agus ar chaipiteal sa tionscal ceimiceáin, lena n-áirítear an tionscal clóiríde coilín, , ar institiúidí iad atá faoi úinéireacht Stáit go minic, agus a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile. Is minic a dhéantar bannaí agus rátálacha creidmheasa a shaobhadh agus coinnítear na costais iasachtaíochta íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Ar deireadh, ní fhorfheidhmítear dlíthe féimheachta na Síne go docht san earnáil ceimiceán, a bhfuil an earnáil clóiríde coilín mar chuid di, rud a ghineann saobhadh trí ghnólachtaí dócmhainneacha a choinneáil i mbun gnó ([21]).

(53) Mar chonclúid, ba é seasamh an ghearáin nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, de réir an ghearáin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás seo.

(54) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu an iomchuí nó nach iomchuí úsáid a bhaint as praghsanna agus costais intíre sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann.

(55) I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún measúnú ar dtús féachaint an bhfuil freastal nach beag á dhéanamh ar an earnáil clóiríde coilín sa tSín ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na Síne, de réir bhrí na chéad fhleisce d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Déantar freastal ar earnáil an táirge lena mbaineann ag cuideachtaí príobháideacha, amhail Aocter Group ([22]), Tai'an Hanwei Group (faoi úinéireacht GHW International Group) ([23]), Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd. ([24]), agus fiontair faoi úinéireacht stáit amhail Sinochem Group ([25]) agus Sinopec Group ([26]). Níorbh fhéidir an cóimheas cruinn idir táirgeoirí príobháideacha agus táirgeoirí faoi úinéireacht stáit sa mhargadh clóiríde coilín a chinneadh. Chinn an Coimisiún, áfach, go bhfuil roinnt táirgeoirí faoi rialú díreach an Stáit. I measc na samplaí tá Tianli Energy ([27]), atá faoi rialú Shandong Kechuang Group ([28]), fiontar atá go hiomlán faoi úinéireacht stáit. Thairis sin, maidir le Sinochem Group ([29]) agus Sinopec Group ([30]), dhá fhiontar lárnacha atá faoi rialú Choimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní de chuid na Comhairle Stáit ('SASAC') ([31]), táirgeann siad ocsaíd eitiléine, ar ionchur í a úsáidtear chun clóiríd choilín a tháirgeadh. Ina theannta sin, is é Shandong Hualu Huasheng Chemical Co., Ltd. ([32]), a bhfuil 32,08 % de na scaireanna faoi úinéireacht stáit ([33]), an táirgeoir intíre is mó sa tSín ([34]) de thrímheitiolaimín, ionchur eile chun clóiríd choilín a tháirgeadh.

([21]) Féach leathanaigh 23-25 den ghearán (leagan oscailte).
([22]) Féach ag: http://www.aocter.net/about/495351.html (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([23]) Féach ag: https://www.goldenhighway.com/shengchanjidi-guonei.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([24]) Féach ag: https://www.yinfengbio.cn/ (arna rochtain an 15 Aibreán 2025).
([25]) Féach ag: https://www.sinochem.com/sinochem/guwm/qygk/jj/A031002001001Gone1.html (arna rochtain an 15 Aibreán 2025).
([26]) Féach ag: http://spc.sinopec.com/spc/en/pro_service/main_pro/Chemical_pro/ (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([27]) Féach ag: https://www.kytl.com/#page6 (arna rochtain an 15 Aibreán 2025).
([28]) Féach ag: https://www.kczg.org.cn/org/orgdetail?id=276602 (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([29]) Féach ag: http://www.sinochemhx.com/shxschina/ywgl/zycp/A074003001Gone1.html (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([30]) Féach ag: http://ypc.sinopec.com/ypc/pro_service/pro_presentation/borm/ (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([31]) Féach ag: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([32]) Féach ag: https://www.hl-hengsheng.com/Product/2.html (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([33]) Féach Shandong Hualu Hengsheng Co. Ltd. Tuarascáil bhliantúil 2024, leathanach 60, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2025/2025-3/2025-03-29/10821388.PDF (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).
([34]) Féach ag: http://www.newsijie.com/chanye/huagong/jujiao/2019/0625/11248363.html (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).

(56) Mar sin féin, is gnách do Pháirtí Cumannach na Síne anois idirghabhálacha a dhéanamh sa chinnteoireacht oibríochtúil, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit, ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([35]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar beagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí, go bunúsach, go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid a d'fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí i dteannta a chéile sa tSín.

(57) Fuarthas amach san imscrúdú gurb é CPCIF an comhlachas náisiúnta tionscail a chumhdaíonn an earnáil ceimiceán. Cloíonn Cónaidhm Thionscal Peitriliam agus Ceimiceán na Síne le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, déanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus cuireann sé na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochtaí páirtí ([36]). Thairis sin, '*Aireacht Gnóthaí Sibhialta is ea údarás clárúcháin agus bainistithe an Chomhlachais*' ([37]) agus áirítear ar na coinníollacha le bheith incháilithe mar ionadaí CPCIF '*cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith acu*' ([38]).

(58) Is comhaltaí de CPCIF ([39]) iad Sinochem Group agus Sinopec Group.

(59) Go sonrach, is é Comhlachas Tionscail Beatha na Síne ('CFIA') (China Feed Industry Association) ([40]) an comhlachas tionscail náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí clóiríde coilín. Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CFIA ([41]): '*is é is cuspóir do CFIA [...] meirge mór an tsóisialachais a bhfuil saintréithe Síneacha aige a choinneáil in airde, a bheith á threorú ag Teoiric Deng Xiaoping [...] chun prionsabail agus beartais an Pháirtí agus an Stáit a chur chun feidhme, [...] agus chun forbairt chuimsitheach, chomhordaithe agus inbhuanaithe thionscal beatha na Síne a chur chun cinn*'. Thairis sin, sainordaítear le hAirteagal 4 '*go nglacann CFIA le treoraíocht ghnó agus maoirseacht Aireacht Gnóthaí Sibhialta agus Aireacht Talmhaíochta Dhaon-Phoblacht na Síne*'. Chomh maith leis sin, áirítear ar na coinníollacha le bheith incháilithe mar '*uachtarán, leas-uachtarán agus ardrúnaí [CFIA]' 'cloí le seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith acu*.'

(60) Tá Shandong Aocter Group ina chomhalta de bhord stiúrthóirí CFIA ([42]).

(61) Tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil ceimiceán faoi réir maoirseachta agus treoraíochta beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil ceimiceán agus peitriceimiceán an tábhacht leanúnach a leagann Rialtas na Síne ar an earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil chun í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear é sin leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Peirspictíochtaí 2035, ar dá réir a bheartaíonn Rialtas na Síne '*dlús a chur le claochlú agus uasghrádú príomhthionscal amhail ceimiceáin*' ([43]).

([35]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach freisin an Tuarascáil, Caibidil 3, lgh. 47-50.

([36]) Féach Airteagail Chomhlachais CPCIF, Airteagal 3, le fáil ag: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).

([37]) Ibid.

([38]) Féach Airteagail Chomhlachais CPCIF, Airteagal 36, le fáil ag: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).

([39]) Féach ag: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661ddbe0980010 (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).

([40]) Féach ag: http://www.chinafeed.org.cn/hyzq/ (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).

([41]) Féach ag: http://www.chinafeed.org.cn/hyzq/hytl/201912/P020191224420392181435.pdf (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).

([42]) Féach ag: https://www.chemball.cn/factory/uza7zr/detail.html (arna rochtain an 16 Aibreán 2025).

([43]) Féach roinn III.8.3 den 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus peirspictíochtaí 2035, atá le fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).

(62) Ina theannta sin, sonraítear freisin sa Tuairim Threorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Peitriceimiceán agus Ceimiceán a Chur Chun Cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana ([44]) ('an Tuairim Threorach') go ndéanfaidh Rialtas na Síne *'dlús a chur le claochlú agus uasghrádú tionscal traidisiúnta, ábhair cheimiceacha nua agus míncheimiceáin a fhorbairt go fuinniúil, [...] agus aistriú na Síne ó thír mhór pheitriceimiceach agus cheimiceach go cumhacht láidir pheitriceimiceach agus cheimiceach a chothú. [...] Faoi 2025, [...] déanfar an tiúchan táirgeachta de tháirgí bulc-cheimiceán a mhéadú a thuilleadh, agus sroichfidh an ráta úsáide acmhainneachta níos mó ná 80 %; cuirfear feabhas mór ar shlándáil soláthair na coibhéise eitiléine, agus sroichfidh slándáil soláthair ábhar ceimiceach nua níos mó ná 75 %'* ([45]). Ina theannta sin, déanfaidh Rialtas na Síne *'coigeartú ar struchtúr tionsclaíoch a chur chun cinn: bearta sonracha a neartú agus scála an tionscail a rialáil go heolaíoch'* ([46]).

(63) Is féidir samplaí comhchosúla de rún údaráis na Síne maoirseacht agus treorú a dhéanamh ar fhorbairtí na hearnála clóiríde coilín a fháil ar leibhéal na gcúigí, amhail sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Shandong maidir le Forbairt an Tionscail Ceimiceán atá ag iarraidh *'uasghrádú an bhunúis thionsclaíoch agus nuachóiriú an tslabhra thionsclaíoch a chur chun cinn go cuimsitheach, dlús a chur le tarraingt siar na hacmhainneachta táirgeachta neamhéifeachtúla cúlánta, agus forbairt táirgí ceimiceacha a chur chun cinn i dtreo feidhmiú, feabhsú agus difreáil. Fiontair a threorú chun cumasc agus atheagrú a dhéanamh, chun leithdháileadh acmhainní agus struchtúr slabhra tionsclaíoch a optamú, agus chun éifeachtúlacht táirgthe agus brabúsacht a fheabhsú'* ([47]).

(64) Comhlánaíodh an 14ú Plean Cúig Bliana sin de chuid Shandong ina dhiaidh sin le Bearta Bainistíochta Shandong is Infheidhme maidir le Beatha agus Breiseáin Bheatha ([48]), lena bhforáiltear go *'neartóidh daon-rialtas ar leibhéal an chontae nó os a chionn ceannaireacht an tionscail bheatha [...], an tionscal beatha a ionchorprú sa phlean forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta áitiúil, [agus] comhordú a dhéanamh ar réiteach na mór-shaincheisteanna i bhforbairt an tionscail bheatha'* ([49]).

(65) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, shuigh an Coimisiún go dtuairiscítear *'léiriú agus ról ceannasach bhrainsí an pháirtí de phríomhfhiontair amhail Aocter Group* ([50])*'* mar shampla atá le leanúint ag cathracha eile i gcúige Shandong.

(66) Feidhmíonn cathaoirleach Shandong Kechuang Group mar rúnaí Choiste an Pháirtí freisin ([51]).

(67) Feidhmíonn cathaoirleach bhord stiúrthóirí Sinochem Group mar rúnaí choiste an Pháirtí agus feidhmíonn roinnt comhaltaí den bhord stiúrthóirí mar leasrúnaithe choiste an Pháirtí ([52]). Chomh maith leis sin, cuireann Grúpa Sinochem é féin i láthair mar chuideachta *'a chloíonn le treoir Xi Jinping ina Smaointe ar Shóisialachas le Saintréithe Síneacha do Ré Nua, a neartaíonn go héifeachtach ceannaireacht fhoriomlán an Pháirtí ar an bhfiontar, a dhoimhníonn tógáil an Pháirtí, [agus] a thugann ról iomlán d'eagraíochtaí an Pháirtí ar gach leibhéal'* ([53]).

([44]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm#msdynttrid=WRmyf07ph0z74SHmXoOLKjRWl09BdZ4lGdYp9fiI9xU (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([45]) Ibid., roinn I.3.
([46]) Ibid., roinn III.4.
([47]) Féach roinn II.2.4, le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211201/1191133.shtml (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([48]) Féach ag: http://xm.shandong.gov.cn/art/2024/1/4/art_105151_10332205.html?xxgkhide=1 (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([49]) Ibid., Airteagal 3.
([50]) Féach ag: http://commerce.shandong.gov.cn/art/2022/8/15/art_21475_10306981.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([51]) Féach ag: http://www.sdskjzx.org.cn/show-2333.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([52]) Féach ag: https://www.sinochem.com/sinochem/guwm/zlzz/ds/A031002002002Gone1.html, (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([53]) Féach ag: https://www.sinochem.com/sinochem/dzyjj/dj11/A031007001Gone1.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).

(68) Ar an gcaoi chéanna, is é rúnaí choiste an Pháirtí atá ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí Sinopec Group agus feidhmíonn roinnt comhaltaí den bhord mar leasrúnaithe choiste an Pháirtí ([54]). Dúirt Sinopec Group go bhfuil sé ar intinn aige '*díriú ar mhisean nua na cuideachta agus ar thascanna nua ar an turas nua, spiorad féin-réabhlóideach an pháirtí a thabhairt ar aghaidh, ceannaireacht an pháirtí agus tógáil an pháirtí a neartú ar bhealach ilfheidhmeach comhtháite, agus rialachas páirtí cuimsitheach agus dian a chur chun cinn go córasach, d'fhonn ráthaíocht láidir a sholáthar chun caibidil nua de thionscal peitriceimiceach nua-aimseartha na Síne a scríobh*' ([55]).

(69) Níorbh fhéidir a shuí go córasach go raibh ann do naisc phearsanta idir táirgeoirí clóiríde coilín uile na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne. Ós rud é, áfach, gur fo-earnáil d'earnáil na gceimiceán é an táirge faoi imscrúdú, mheas an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a suíodh sna himscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le hearnáil na gceimiceán, mar a léirítear in aithris (49), ábhartha freisin don táirge faoi imscrúdú.

(70) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil clóiríde coilín lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Shainaithin an Coimisiún roinnt doiciméad lena léirítear go dtairbhíonn an tionscal clóiríde coilín de threorú agus d'idirghabháil rialtais san earnáil ceimiceán, ós rud é gur fo-earnáil den earnáil ceimiceán í an chlóiríd choilín.

(71) Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é an tionscal ceimiceán ([56]). Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar cheimiceáin, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. Faoin 14ú Plean Cúig Bliana, roghnaigh Rialtas na Síne an tionscal ceimiceán lena optamú agus lena uasghrádú ([57]). Ar an gcaoi chéanna, sonraítear sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt go ndéanfaidh Rialtas na Síne '*An struchtúr eagraíochtúil a optamú: Príomhfhiontair a dhéanamh níos mó agus níos láidre. [...] Fiontair a mhealladh chun dlús a chur le cumaisc agus atheagrú trasréigiúnach agus trasúinéireachta, comhchruinniú tionsclaíoch a mhéadú, agus oibríochtaí idirnáisiúnta a dhéanamh. Grúpa príomhfhiontar sa slabhra tionsclaíoch le ceannasacht éiceolaíoch agus croí-iomaíochas a chothú sna tionscail cheimiceacha, pheitriceimiceacha, chruach, mhiotail neamhfheiriúla, ábhair thógála agus tionscail eile*' ([58]).

(72) Go sonrach, roghnaíodh Tai'an Hanwei Group faoi dhó i measc an 50 Fiontar is fearr i bPríomhthionscal Tai'an. *'Tar éis dóibh a bheith roghnaithe, gheobhaidh [cuideachtaí] tacaíocht tosaíochta ón gcoiste páirtí bhardasaigh, ón rialtas bardasach agus ó na ranna ábhartha chun an onóir sóisialta a fheabhsú agus chun tacú leis na nithe seo a leanas: fás, cistí airgeadais, ráthaíocht talún agus leictreachais, tallann agus tacaíocht intleachtúil, saothrú agus tógáil branda, cosaint beartais, dreasachtaí infheistíochta tionscadail, forbairt foirne fiontraíochta, agus optamú na timpeallachta seirbhíse* ([59]).'

(73) Ina theannta sin, *'bronnadh an teideal Seaimpín Fiontair Aonair Monaraíochta Náisiúnta, Ollfhiontar Beag Speisialaithe Náisiúnta "Little Giant", agus Monarcha Glas Náisiúnta*' ar Tai'an Hanwei Group. *'Le cúram agus tacaíocht ó choistí an Pháirtí agus ó rialtais ar gach leibhéal, tá dlús á chur le tógáil Pháirc Thionsclaíoch Hanwei, le hinfheistíocht iomlán RMB 2 bhilliún yuan agus limistéar talún pleanáilte de níos mó ná 400 acra. Tá Céim I den tionscadal curtha i gcrích agus curtha i dtáirgeadh. Tógfar Céim II sa dara leath den bhliain seo agus tógfar Céim III an bhliain ina dhiaidh sin. Meastar go mbeidh an luach aschuir níos mó ná 10 mbilliún tar éis iad uile a chur i dtáirgeadh* ([60])'.

([54]) Féach ag: http://www.sinopecgroup.com/group/gsglc/index.shtml, (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([55]) Féach ag: http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/041/41878.shtml (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([56]) An Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 16.
([57]) Ibid, roinn 16.3.
([58]) Féach roinn IV.1.3, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (arna rochtain an 6 Nollaig 2024).
([59]) Féach ag: https://www.goldenhighway.com/id49442987.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([60]) Féach ag: http://www.scio.gov.cn/xwfb/dfxwfb/gssfbh/sd_13840/202504/t20250414_890548.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).

(74) Thairis sin, bhain Tai'an Hanwei Group tairbhe as beartais chánach fhabhracha freisin: '*Maidir le cumas na cuideachta claochlú torthaí taighde eolaíoch a dhéanamh go tapa agus margaí intíre agus eachtracha a áitiú go tapa, ní féidir an cumas sin a scaradh ó thacaíocht láidir na roinne cánach. Ní hamháin gur chuir an roinn cánach na beartais chánach fhabhracha chun feidhme go cruinn agus go tapa, ach chuir sí seirbhísí ardcháilíochta, éifeachtúla agus cineálta ar fáil freisin, rud atá ina thaca láidir dár bhforbairt thapa.* ([61])'

(75) Thairis sin, in 2025, shínigh Sinochem Group Comhaontú maidir le Comhar Straitéiseach le Bardas Shanghai, ag féachaint le '*freastal níos fearr ar phatrún forbartha nua a thógáil agus Sinochem a chur chun cinn maidir le fiontar nuálach agus fiontar ceimiceán cuimsitheach den chéad scoth a thógáil.* ([62])' *Ina theannta sin, ghlac ionadaí Sinochem Group 'buíochas le Coiste Páirtí Bhardasaigh agus le Rialtas Bardasach Shanghai as a dtacaíocht agus a gcúnamh láidir fadtéarmach do Sinochem, agus chur sé i láthair leagan amach infheistíochta agus gnó Sinochem in Shanghai. Dúirt sé go dtiteann an misean agus an fhreagracht ar Sinochem as cúnamh a thabhairt d'fhorbairt ardcháilíochta na talmhaíochta agus as aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá sna ábhair cheimiceacha nua, agus go bhfuil sé an-chomhsheasmhach le treo fhorbairt thionsclaíoch Shanghai i dteicneolaíocht talmhaíochta, i mioncheimiceáin agus i ngnéithe eile.* ([63])'

(76) Ar an gcaoi chéanna, shínigh Shandong Hualu Huasheng Chemical Co., Ltd. Comhaontú Comhair le brainse Shandong de Bhanc na Síne atá faoi úinéireacht stáit maidir le '*hinfheistíocht i bpríomhthionscail agus tionscadail a mhaoiniú* ([64])'.

(77) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, táirgeadh an táirge faoi imscrúdú san áireamh. Cuireann bearta den sórt sin bac ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

(78) Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon fhianaise lena léiriú nach mbeadh tionchar ar cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine san earnáil ceimiceán, de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, ar mhonaróirí an táirge faoi imscrúdú.

(79) Ina theannta sin, tá an táirge faoi imscrúdú faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, mar a thagraítear thuas in aithris (49) dó freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi imscrúdú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín) ([65]).

(80) Ina theannta sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear don earnáil clóiríde coilín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Léirítear an cineál sin idirghabhála rialtais go han-mhaith leis an Tuairim Treorach thuasluaite lena n-éilítear '*feabhas a chur ar bheartais tacaíochta, an comhordú idir beartais fhioscacha, airgeadais, réigiúnacha, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin* (...) *leis na beartais tionscail a neartú [chun] lán-imirt a thabhairt don ardán náisiúnta um chomhar idir an tionscal agus an t-airgeadas agus [chun] an nasc idir fiontair agus bainc a chothú*' ([66]). Dá bhrí sin, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal mar gheall ar na hidirghabhálacha suntasacha rialtais sa chóras airgeadais.

(81) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir saobhadh. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála.

([61]) Féach ag: https://shandong.chinatax.gov.cn/art/2023/8/21/art_23_809595.html (arna rochtain an 18 Aibreán 2025).
([62]) Féach ag: https://cpnn.com.cn/news/dfny/202502/t20250218_1773301.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([63]) Ibid.
([64]) Féach ag: https://www.hl-hengsheng.com/zcxx_dt/378.html (arna rochtain an 17 Aibreán 2025).
([65]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 153-157, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 82-84; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 67.
([66]) Féach roinn VIII.16, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm#msdynttrid=WRmyf07ph0z74SHmXoOLKjRWl09BdZ4lGdYp9fiI9xU (arna rochtain an 18 Aibreán 2025).

(82) Dá thoradh sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi imscrúdú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann an idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a shonraítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, gur táirgeadh ionchur sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile agus go bhfuil an t-ionchur sin neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur leis an ionchur agus mar sin de.

(83) Mar achoimre, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an tsaormhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann.

3.2.2. *Argóintí arna ndéanamh ag páirtithe leasmhara*

(84) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(85) Fuair an Coimisiún barúlacha ó Shandong FY Feed Technology Co., Ltd. agus CFNA maidir leis an saobhadh suntasach a dhéanann difear don tionscal clóiríde coilín.

(86) D'áitigh Shandong FY Feed Technology Co., Ltd. nach bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán comhsheasmhach le hAirteagal 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála na hEagraíochta Trádála Domhanda ('EDT'). Go háirithe, d'áitigh sé nach n-aithnítear an coincheap 'saobhadh suntasach' in Airteagal 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, agus fiú dá dtiocfadh an coincheap faoi raon Airteagal 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, ní mór ríomh an ghnáthluacha ríofa ag an Aontas a bheith fós i gcomhréir le hAirteagal 2.2.1.1 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus le léirmhíniú an Chomhlachta Achomhairc air, dá bhforáiltear go háirithe sa chás *AE – Bithdhíosal (an Airgintín)*. Fágann sé sin nach féidir an gnáthluach a ríomh ach amháin mura bhfuil aon díolacháin sa ghnáthchúrsa trádála nó má tá staid mhargaidh ar leith ann, nach cosúil a bheith infheidhme san imscrúdú seo.

(87) Thairis sin, de réir Shandong FY Feed Technology Co., Ltd., níl aon fhoráil i gComhaontú Frithdhumpála EDT lena gceadófaí sonraí ó thríú tír a úsáid nach léiríonn go hiomchuí praghsanna ná leibhéal costais na tíre is onnmhaireoir. Tagraíonn an chuideachta don Tuarascáil ón bPainéal in *AE – Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas agus Bearta Frithdhumpála Áirithe ar Allmhairí ón Rúis* chun a áitiú nach féidir an gnáthluach a ríomh ach amháin bunaithe ar shonraí díolachán nó ar thosca costais táirgthe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír thionscnaimh. Dá réir sin, níor cheart don Choimisiún Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm san imscrúdú reatha, ach ba cheart dó sonraí na dtáirgeoirí clóiríde coilín onnmhairiúcháin sa tSín a úsáid chun an gnáthluach a ríomh.

(88) Ar deireadh, mheas Shandong FY Feed Technology Co., Ltd. freisin nach leor an fhianaise a leagtar amach sa ghearán maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín. Thagair an chuideachta don dualgas cruthúnais atá ar an údarás imscrúdúcháin maidir le saobhadh praghais líomhnaithe sa tír is onnmhaireoir, mar a dheimhnigh an Comhlacht Achomhairc in *US – Countervailing Measures* [SAM – Bearta Frithchúitimh] *(21.5 – an tSín)*, lena gceanglófaí ar an gCoimisiún sonraí fíorasacha agus anailís mhionsonraithe ar idirghabháil an rialtais a dhéanann difear díreach d'earnáil clóiríde coilín na Síne a thabhairt ar aghaidh. Áitíonn sé nach féidir tagairtí do 'phleananna' nó 'tuairimí treorach' Rialtas na Síne nó tionscnaimh bheartais eile na Síne a chur i leith idirghabháil iarbhír rialtais sa mhargadh a mbíonn tionchar díreach aici ar phraghsáil a dtáirgí ag táirgeoirí.

(89) Ar an gcéad dul síos, measann an Coimisiún go bhfuil forálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go hiomlán comhsheasmhach le hoibleagáidí an Aontais Eorpaigh i leith EDT agus leis an dlí-eolaíocht a luaitear thuas. Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach raibh baint ag Tuarascáil EDT maidir leis *an Aontas – Bithdhíosal* le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le foráil shonrach d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. In aon chás, le dlí EDT de réir mar a léirmhínigh Painéal EDT agus an Buanchomhlacht Achomhairc é in *an tAontas-Bithdhíosal*, ceadaítear sonraí a úsáid ó thríú tír, arna gcoigeartú mar is cuí nuair is gá leis an gcoigeartú sin agus nuair atá sé réasúnaithe. Ó tharla gurb ann do shaobhadh suntasach, ní iomchuí úsáid a bhaint as costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, beartaítear le hAirteagal 2(6a) go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhaireoir. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh ó Shandong FY Feed Technology Co., Ltd. maidir le neamh-chomhréireacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le Comhaontú Frithdhumpála EDT.

(90) I ndáil le tagairt Shandong FY Feed Technology Co., Ltd. do *AE – Coigeartaithe Costas*, meabhraíonn an Coimisiún go ndearna an tAontas agus Cónaidhm na Rúise araon achomharc i gcoinne thorthaí an Phainéil, nach bhfuil críochnaitheach agus dá bhrí sin, i gcomhréir le dlí-eolaíocht buan EDT, níl stádas dlíthiúil acu i gcóras EDT, ó tharla nár formhuiníodh iad le cinntí ó Chomhaltaí EDT. In aon chás, measadh go sonrach i dTuarascáil an Phainéil san agóid sin go raibh na forálacha in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán lasmuigh de raon feidhme na díospóide. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(91) Ar an dara dul síos, mar fhreagra ar na maímh maidir le fianaise leordhóthanach ag an gcéim thionscnaimh, meabhraíonn an Coimisiún go ndearnadh tagairt i bpointe 3 den fhógra tionscnaimh do roinnt eilimintí *prima facie* i margadh clóiríde coilín na Síne chun bunús a thabhairt go ndearna difear don mhargadh mar gheall ar saobhadh ar fud shlabhra luacha na clóiríde coilín sa tSín. Mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a liostaíodh san fhógra tionscnaimh chun go mbeadh údar le himscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Go deimhin, cé gur i dtráth an nochta shealadaigh agus/nó chinntithigh amháin a dhéantar an cinneadh an ann don saobhadh suntasach agus a thionchar sin agus an úsáid ina dhiaidh sin as an modheolaíocht a cheanglaítear le hAirteagal 2(6a)(a), leagtar síos le hAirteagal 2(6a)(e) oibleagáid maidir leis na sonraí is gá a bhailiú chun an mhodheolaíocht sin a chur i bhfeidhm nuair a thionscnaítear an t-imscrúdú ar an mbonn sin. Sa chás sin, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise *prima facie* a sholáthair an gearánach maidir leis an saobhadh suntasach chun an t-imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin. Sonraíodh sé seo go soiléir san fhógra tionscnaimh i bpointe 3 i gcomhréir leis an oibleagáid a luaitear in Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún na bearta is gá chun é a chur ar a chumas an mhodheolaíocht faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i gcás ina ndeimhneofar aon saobhadh suntasach a bheith ann le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh ó Shandong FY Feed Technology Co., Ltd.

(92) Meabhraíonn an Coimisiún nár bhain cás *US – Countervailing Measures* le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, cás atá mar bunús dlí ábhartha chun gnáthluach an imscrúdaithe seo a chinneadh, nó fiú amháin réimse na dumpála. Cás fíorasach eile ba ábhar na díospóide sin, agus bhain sé le léirmhíniú Chomhaontú EDT maidir le Fordheontais agus Bearta Frithchúitimh seachas leis an gComhaontú Frithdhumpála. Ar aon chaoi, mar a mhínítear thuas, bhain an fhianaise a cuireadh in iúl ag an gcéim thionscnaimh go soiléir le margadh clóiríde coilín na Síne agus, dá réir sin, leis an táirge faoi imscrúdú sa chás seo. Thairis sin, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i roinn 3.2.1. thuas, fuarthas fianaise in imscrúdú an Choimisiúin ag an gcéim sin ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do thionscal clóiríde coilín na Síne, rud a d'fhág gur ghá modheolaíocht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm chun an gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(93) Chuir CFNA barúlacha isteach maidir leis an saobhadh suntasach i dtionscal clóiríde coilín na Síne. D'áitigh sé nach suitear leis na doiciméid a luaitear sa ghearán gurb ann don saobhadh líomhnaithe a mhaítear go ndéanann sé difear do thionscal clóiríde coilín na Síne. I ndáil leis sin, thug CFNA le fios go bhfuil formhór na mórtháirgeoirí clóiríde coilín sa tSín faoi úinéireacht phríobháideach agus, dá bhrí sin, nach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad. A mhéid atá scaireanna ag Rialtas na Síne i gcuideachtaí clóiríde coilín, tugann siad sin teidlíocht do chearta infheistíochta amháin (amhail díbhinní), ach ní cheadaíonn siad rannpháirtíocht dhíreach in oibriú na cuideachta. D'áitigh sé freisin nár ghlac Rialtas na Síne páirt sa tionscal clóiríde coilín ná nár thacaigh sé leis, agus nach suitear leis an ngearán gur ann do shaobhadh suntasach a dhéanann difear do thionscal clóiríde coilín na Síne.

(94) D'áitigh CFNA freisin nach bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i ndáil leis an tionscal clóiríde coilín sa tSín comhoiriúnach le Chomhaontú Frithdhumpála EDT ná le dlí-eolaíocht Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT. Go háirithe, níl aon tagairt don choincheap 'saobhadh suntasach' i gComhaontú Frithdhumpála EDT. Le hAirteagal 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, lena soláthraítear modhanna ríofa malartacha le haghaidh gnáthluachanna i ndálaí teoranta agus nach n-áirítear iontu 'saobhadh suntasach', ní cheadaítear ach úsáid a bhaint as an gcostas táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnta le haghaidh costais riaracháin, costais díola, costais ghinearálta agus brabús. Dá bhrí sin, sáraíonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán Airteagal 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT trí chead a thabhairt don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar chostas táirgthe agus díolachán sa tír is onnmhaireoir agus sonraí den sórt sin ó tháirgeoirí tríú tír a úsáid ina ionad sin.

(95) Ina theannta sin, d'áitigh Comhlachas Thionscal Monaraithe Miotail Neamhfheiriúil na Síne ('CNFA') nach bhfuil fianaise sa ghearán ná san fhógra tionscnaimh chun an 'saobhadh suntasach' i ndáil leis an tionscal clóiríde coilín a chruthú. Bhraith an dá rud go mór ar an Tuarascáil, nach gcomhlíonann na caighdeáin maidir le fianaise neamhchlaonta oibiachtúil ná fianaise a bhfuil luach fianaise leordhóthanach aici. Ina theannta sin, ní thugtar aghaidh sa Tuarascáil ar thionscal clóiríde coilín na Síne *per se*. Ní thagraíonn sí ach don saobhadh in earnáil ceimiceán na Síne, ar earnáil réamhtheachtach den earnáil clóiríde coilín í. Chuir CNFA in iúl gur tionscal margadhdhírithe é tionscal clóiríde coilín na Síne agus go bhfuil formhór na dtáirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach.

(96) Ar deireadh, d'iarr CNFA go ndéanfaí measúnú an Choimisiúin ar an tsaincheist maidir le 'saobhadh suntasach' i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin de chuid na Síne ar leithligh. Ba cheart don Choimisiún anailís cás ar chás a dhéanamh ar an méid seo a leanas: (i) cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann an saobhadh suntasach le gach táirgeoir sampláilte; (ii) cibé acu ar saobhadh nó nár saobhadh gach ionchur agus gach toisc tháirgeachta arna dtuairisciú ag an onnmhaireoir sonrach sin agus ar cheart dá bhrí sin sonraí ó fhoinse eile a chur ina ionad nó ina hionad; agus (iii) an fáth a meastar go bhfuil na sonraí ó fhoinse eile maidir le gach ionchur nó gach toisc tháirgeachta neamhshaofa. De réir CNFA, ní féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh ar fud na tíre ná ar fud an tionscail maidir le saobhadh suntasach.

(97) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig CNFA ar an gconclúid nár cheart feidhm a bheith ag Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san imscrúdú reatha agus gur cheart don Choimisiún glacadh leis na praghsanna agus na costais intíre arna dtuairisciú ag táirgeoirí comhoibríocha clóiríde coilín na Síne.

(98) Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann le maíomh CNFA nár soláthraíodh fianaise leordhóthanach leis an ngearán agus leis an bhfógra tionscnaimh chun údar a thabhairt le haon toradh maidir le 'saobhadh suntasach' i dtionscal clóiríde coilín na Síne, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise *prima facie* a chuir an gearánach isteach maidir leis an saobhadh suntasach, a liostaíodh san fhógra tionscnaimh, mar údar chun imscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe thuas i roinn 3.2.1.

(99) Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le luach fianaise na Tuarascála, mheabhraigh an Coimisiún gur doiciméad cuimsitheach é atá bunaithe ar fhianaise oibiachtúil fhorleathan, lena n-áirítear reachtaíocht, rialacháin agus doiciméid bheartais oifigiúla eile arna bhfoilsiú ag Rialtas na Síne, tuarascálacha tríú páirtí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, staidéir acadúla agus ailt le scoláirí, agus foinsí iontaofa neamhspleácha eile. Foilsíodh an tuarascáil den chéad uair i mí na Nollag 2017 agus tugadh cothrom le dáta go críochnúil í i mí Aibreáin 2024. Bhí neart deiseanna ag na páirtithe uile an Tuarascáil a bhréagnú, a fhorlíonadh nó barúlacha a thíolacadh ina taobh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán, ach ní bhfuair an Coimisiún aon bharúlacha ná fianaise den sórt sin a d'fhágfadh an Tuarascáil neamhbhailí.

(100) Ina theannta sin, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil aon nasc idir saobhadh suntasach a bheith ann, ar saobhadh é is cúis le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, agus caibidil shonrach earnála nó faisnéis a bheith sa Tuarascáil maidir le margadh sonrach lena gcumhdaítear an táirge faoi imscrúdú, nó cuideachtaí sonracha. Sa Tuarascáil déantar tuairisc ar chineálacha éagsúla saofa atá ann sa tSín, ar saobhadh é atá trasghearrthach agus infheidhme ar fud gheilleagar na Síne ([67]) agus a dhéanann difear do phraghsanna agus/nó comhábhar agus costais táirgeachta an táirge faoi imscrúdú ([68]). Ina theannta sin, áirítear sa Tuarascáil caibidil ar an tionscal ceimiceán, atá ábhartha do mheasúnú an Choimisiúin ar an earnáil clóiríde coilín, ar fo-earnáil í den earnáil ceimiceán. Thairis sin, ní hí an Tuarascáil an t-aon fhoinse fianaise a úsáideann an Coimisiún chun cinneadh a dhéanamh ó tharla gurb ann do ghnéithe imscrúdaithe breise a úsáidtear chun na críche sin. Mar a mhínítear i roinn 3.2.1 thuas, tá an tionscal

([67]) Cuid I den Tuarascáil.
([68]) Cuid II den Tuarascáil.

clóiríde coilín faoi réir roinnt idirghabhálacha rialtais (amhail láithreacht agus maoirseacht Stáit i bpríomhghníomhaithe tionscail ([69]), cumhdach leis na Pleananna Cúig Bliana agus doiciméid eile ([70]), agus idirghabhálacha san earnáil airgeadais ([71])), a dhéanann difear freisin do na costais táirgthe clóiríde coilín, lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, caipiteal agus saothar. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

(101) Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann le maíomh CNFA maidir le neamhchomhréireacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le hoibleagáidí an Aontais faoi EDT, mheas an Coimisiún go bhfuil forálacha Airteagal 2(6a) go hiomlán comhsheasmhach le hoibleagáidí EDT an Aontais Eorpaigh agus le dlí-eolaíocht Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i roinn 3.2.1. thuas. Mheabhraigh an Coimisiún freisin gur gníomh de dhlí tánaisteach an Aontais é an bun-Rialachán, lena n-áirítear Airteagal 2(6a), mar a fhoráiltear in Airteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Níl aon cheanglas ann faoi dhlí an Aontais go mbeadh a fhoinsí, lena n-áirítear dlí tánaisteach amhail rialacháin, bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta ná go mbeadh siad nasctha le hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta amhail Comhaontú Frithdhumpála EDT.

(102) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le maíomh CNFA gur cheart measúnú a dhéanamh ar shaobhadh suntasach i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte ar leithligh, mheabhraigh an Coimisiún gur ón uair a chinntear nach iomchuí praghsanna agus costais sa tír is onnmhaireoir a úsáid de bharr saobhadh suntasach a bheith ann sa tír is onnmhaireoir de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, déanfar an gnáthluach a ríomh de réir tagarmharcanna nó praghsanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch iomchuí i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Faoi Aireagal 2(6a)(a), ceadaítear costais intíre a úsáid i gcás inar suíodh nach ndearnadh saobhadh orthu. Ní fhéadfaí aon chostas a bhaineann le táirgeadh agus díol an táirge faoi imscrúdú a shuí, áfach, mar chostais neamhshaofa bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil maidir le tosca táirgeachta táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh ó CNFA.

3.2.3. *Conclúid*

(103) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a shonraítear sa roinn seo a leanas.

3.2.4. *Tír ionadaíoch*

3.2.4.1. Barúlacha ginearálta

(104) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([72]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

([69]) Féach aithrisí 8-22 den rialachán.
([70]) Féach aithrisí 14-17 agus 24-30 den rialachán.
([71]) Féach aithris 33 den rialachán.
([72]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(105) Mar a mhínítear in aithrisí (37) go (44), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.4.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal sa tSín, áit a ndéantar clóiríd choilín a thairgeadh

(106) Sa chéad nóta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo agus an Téalainn inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(107) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa nóta sin.

3.2.4.3. Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(108) Mar a luaitear sa dara nóta, ní raibh an Coimisiún in ann aon táirgeoir den táirge faoi imscrúdú sa Téalainn agus sa Mhalaeisia a shainaithint. A mhéid a bhaineann le Meicsiceo, mheas an Coimisiún go mbeadh an fhaisnéis airgeadais le haghaidh 2023 atá ar fáil go héasca don chuideachta ó Mheicsiceo Petroleos Mexicanos ('PEMEX'), táirgeoir peitriceimiceach a mhonaraíonn ocsaíd eitiléine, i measc nithe eile, ar cheann de na tosca táirgeachta sainaitheanta is gá chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh, iomchuí i bprionsabal lena úsáid. Tugtar faoi deara nach bhféadfaí aon táirgeoir clóiríd choilín a shainaithint in aon cheann de na ceithre thír ionadaíocha fhéideartha, mar atá an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo agus an Téalainn.

(109) Thairis sin, mar a luaitear in aithris (44), d'aimsigh an Coimisiún sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca maidir le dhá chuideachta cheimiceacha Bhrasaíleacha atá gníomhach san earnáil ceimiceán níos leithne, mar atá, Dexxos Participacoes S.A. agus Prox Do Brasil Produtos Quimicos S.A. Ar an iomlán, chinn an Coimisiún gurbh iad na sonraí airgeadais is cuimsithí agus is iomchuí na sonraí a bhí ar fáil ón dá chuideachta sin, go háirithe toisc go raibh siad bunaithe ar shonraí dhá chuideachta, agus ní hamháin ar shonraí ó chuideachta amháin mar a bhí i gceist le Meicsiceo.

(110) Nuair a bhreathnaítear ar infhaighteacht staidrimh allmhairiúcháin le haghaidh na bpríomhthosca táirgthe sainaitheanta, mhínigh an Coimisiún sa chéad nóta agus sa dara nóta nár thuairiscigh Meicsiceo aon allmhairí trímheitiolaimín le linn na tréimhse imscrúdúcháin de réir bhunachar sonraí Global Trade Atlas ('GTA'). Ní mór a thabhairt faoi deara gurb ionann costas trímheitiolaimín agus [30 – 45 %] de chostas iomlán monaraíochta an táirge lena mbaineann.

(111) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta go raibh sé beartaithe aige an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus sonraí airgeadais Dexxos Participacoes S.A. agus Prox Do Brasil Produtos Quimicos S.A. atá ar fáil go héasca a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun costais táirgthe agus díola neamhshaofa a shuí chun an gnáthluach a ríomh.

(112) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt maidir le hoiriúnacht na Brasaíle mar thír ionadaíoch agus ar úsáid sonraí Dexxos Participacoes S.A. agus Prox Do Brasil Produtos Quimicos S.A. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le húsáid shonraí na gcuideachtaí sin. Maidir le húsáid tagarmharcanna le haghaidh na dtosca táirgeachta sainaitheanta a bhí bunaithe ar shonraí allmhairiúcháin na Brasaíle, chuir SYB agus SFY roinnt barúlacha isteach, a dtugtar aghaidh orthu i roinn 3.2.5.1. thíos.

3.2.4.4. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(113) Tar éis a shuí gurb í an Bhrasaíl an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.4.5. Conclúid

(114) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Bhrasaíl na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.5. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(115) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(116) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé staidreamh na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') chun costais neamhshaofa saothair a shuí ([73]) agus staidreamh náisiúnta na Brasaíle chun costais neamhshaofa fuinnimh a shuí (go háirithe leictreachas agus gás) ([74]).

(117) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas freisin, mar gheall ar mheáchan diomaibhseach gaile mar thoisc tháirgeachta i gcostas iomlán táirgthe, go ndearnadh gal a ghrúpáil faoi 'thomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

(118) Sa bhreis ar an dara nóta, dúirt SFY agus SYB nár cheart gal a mheas mar thomhaltán toisc go raibh sí ar cheann de na príomhfhoinsí fuinnimh chun clóiríd choilín chríochnaithe a tháirgeadh.

(119) Tar éis tuilleadh anailíse a dhéanamh, chinn an Coimisiún go raibh an sciar costais foriomlán gaile diomaibhseach ach chomh tábhachtach céanna le sciar costais foriomlán an gháis nó an leictreachais agus dá bhrí sin d'aontaigh sé le SFY agus SYB. Dá réir sin, ríomh an Coimisiún tagarmharc ar leithligh le haghaidh gaile, a léirítear i dTábla 1 thíos.

3.2.5.1. Tosca táirgeachta

(120) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

([73]) https://rshiny.ilo.org/dataexplorer40/?lang=en&id=BRA_A.
([74]) https://www.globalpetrolprices.com/Brazil/.

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
Amhábhair			
Clóiríd choilín, 50 % leachtach	2923 10	19,28	cileagram
Trímheitiolaimín (TMA)	2921 11	10,22	cileagram
Ocsaíd Eitiléine	2910 10	16,53	cileagram
Dé-ocsaíd Sileacain	2811 22	17,26	cileagram
Púdar Arbhair Déise	2308 00	4,54	cileagram
Clóiríd Hidrigine	2806 10	1,70	cileagram
Tomhaltáin			
Saothar			
Saothar	neamhbhaint-each	97,98	Costais saothair in aghaidh na huaire
Fuinneamh			
Gás Nádúrtha	2711 11	0,65	kWh
Leictreachas	neamhbhaint-each	0,73	kWh
Gal	neamhbhaint-each	586,62	tona

(121) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, d'úsáid an Coimisiún na sonraí fíoraithe a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus chuir sé costais taighde agus forbartha leis toisc go raibh siad tabhaithe agus curtha san áireamh ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin.

3.2.5.1.1. Amhábhair

(122) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín agus tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([75]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Ranna 3.2.1 go 3.2.3 thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid ós rud é go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

([75]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(123) Maidir leis na hamhábhair a shainaithin an Coimisiún, sa bhreis ar an dara nóta dúirt SFY agus SYB go raibh praghsanna allmhairiúcháin trímheitiolaimín agus ocsaíde eitiléine míréasúnach ard agus níos airde fós ná na praghsanna aonaid a íocadh sa trádáil idir na Ballstáit laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais.

(124) Shoiléirigh an Coimisiún nach gcumhdófaí praghsanna mhargadh inmheánach an Aontais faoi aon cheann de na trí fhleasc den dara fomhír d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, ghlac an Coimisiún leis gur cosúil go raibh an praghas tagarmhairc le haghaidh trímheitiolaimín a suíodh ar bhonn staitisticí na Brasaíle míréasúnach ard mar gheall ar na méideanna allmhairí an-íseal, arbh ionann iad agus beagán os cionn 22 000 kg le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Leis an méid sin, d'fhéadfaí níos lú ná 1 % de mhéideanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas a tháirgeadh. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh an méid allmhairí de thrímheitiolaimín isteach sa Bhrasaíl ionadaíoch agus d'athraigh sé an fhoinse a úsáideadh le haghaidh trímheitiolaimín ó phraghas allmhairiúcháin aonaid na Brasaíle (ar leibhéal an Chórais Chomhchuibhithe) go tagarmharc idirnáisiúnta lena gcumhdaítear na hallmhairí uile a thuairiscigh na comhpháirtithe trádála uile gan an tSín ná na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ([76]) a áireamh. Chun an praghas tagarmhairc le haghaidh ocsaíd eitiléine a shuí, d'athraigh an Coimisiún an fhoinse a úsáideadh ó phraghas allmhairiúcháin aonaid na Brasaíle (ar leibhéal an Chórais Chomhchuibhithe) go dtí an praghas allmhairiúcháin aonaid a thuairiscigh Meicsiceo ar leibhéal an chóid custaim 8 ndigit is infheidhme. Chinn an Coimisiún go raibh méideanna allmhairí i bhfad níos ionadaíche i Meicsiceo ná sa Bhrasaíl, a bhí an-íseal agus dá bhrí sin níor measadh gur foinse iontaofa iad chun praghas tagarmhairc a shuí.

(125) Maidir le púdar arbhair dhéise, mhaígh SFY agus SYB go bhféadfadh saobhadh a bheith ann i bpraghas allmhairiúcháin na Brasaíle a d'úsáid an Coimisiún mar gheall ar fhóirdheontais a deonaíodh do thionscal arbhair na Brasaíle a bheith ann. Níor thug aon fhianaise bunús breise leis an maíomh sin. Mar sin féin, bhí méideanna na n-allmhairí púdair déise a tuairiscíodh don Bhrasaíl an-íseal agus dá bhrí sin níor measadh gur foinse iontaofa iad chun praghas tagarmhairc a shuí. Dá réir sin, d'athraigh an Coimisiún an fhoinse a úsáideadh le haghaidh an tagarmhairc púdair déise go dtí an praghas onnmhairiúcháin aonaid ón mBrasaíl maidir leis an ábhar uile a áirítear faoin líne tharaife 8 ndigit lena gcumhdaítear púdar arbhair dhéise freisin.

(126) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar nach beag ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithrisí (117) go (119).

(127) I gcás ina bhfuil na tagarmharcanna a chuirtear i bhfeidhm bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin ón mBrasaíl agus ó Mheicsiceo faoi seach, áirítear dleachtanna allmhairiúcháin go hiomchuí sna luachanna tagarmhairc a liostaítear i dTábla 1.

(128) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch sampláilte as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm maidir le costas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.5.1.2. Saothar

(129) Foilsíonn EIS faisnéis mhionsonraithe maidir le pá san earnáil thionsclaíoch ina hiomláine sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear an bhliain 2022 le haghaidh meánchostas saothair san earnáil ceimiceán sa Bhrasaíl. ([77])

3.2.5.1.3. Leictreachas

(130) Foilsíonn Global Petrol Prices praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in CNY/kWh mar a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024.

([76]) Ibid.

([77]) https://rshiny.ilo.org/dataexplorer40/?lang=en&id=BRA_A.

3.2.5.1.4. Gás nádúrtha

(131) Foilsíonn Global Petrol Prices praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna gáis tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in CNY/kWh mar a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024.

3.2.5.1.5. Gal

(132) Rinneadh measúnú ar an tagarmharc le haghaidh gaile trí úsáid a bhaint as costas an gháis nádúrtha a shloinntear in kWh (féach an aithris roimhe seo (131) agus cainníocht an gháis a shloinntear in kWh a theastaíonn chun 1 tona gaile a tháirgeadh. Ar an gcúis sin, ghlac an Coimisiún leis gur táirgeadh an ghal a cheannaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ó sholáthróirí seachtracha ar bhonn an gháis nádúrtha.

3.2.5.1.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(133) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(134) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí sin. Mar a luaitear in aithris (121), chuir an Coimisiún costais taighde agus forbartha san áireamh sna forchostais mhonaraíochta. Cuireadh an céatadán a bhí mar thoradh air sin i bhfeidhm maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(135) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2023 do na cuideachtaí Dexxos Participacoes S.A. agus Prox Do Brasil Produtos Quimicos S.A. mar a baineadh as Orbis.

(136) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(137) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a liostaítear i dTábla 1 thuas.

(138) Nuair a suíodh an costas monaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta, mar a mhínítear in aithris (134), leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(139) Ansin chuir an Coimisiún na costais SGA agus na rátaí brabúis i bhfeidhm mar a luaitear in aithris (140). Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais na gcuideachtaí Dexxos Participacoes S.A. agus Prox Do Brasil Produtos Quimicos S.A. mar a mhínítear in aithrisí (111) agus (112).

(140) Ba é 6,65 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 14,62 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(141) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(142) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, sin nó trí chuideachtaí comhlachaithe a ghníomhaigh mar thrádálaithe.

(143) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(144) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar thrádálaithe, suíodh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar an bpraghas ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(145) I ndáil leis sin, soiléirítear le cásdlí bunaithe go n-áirítear i gcoigeartuithe de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán costais arna dtabhú ag eintiteas atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, ar choinníoll go ndealraíonn sé go bhfuil eintiteas den sórt sin bainteach leis an allmhaireoir nó leis an onnmhaireoir agus go n-íocfadh allmhaireoir na costais atá i gceist de ghnáth ([78]). Maidir leis na cineálacha costas a bhféadfar coigeartuithe a dhéanamh ina leith faoin bhforáil seo, is ionann de réir an chásdlí na costais sin agus costais a bhaineann le gníomhaíochtaí díolacháin arna ndéanamh ag fochuideachtaí, a mhéid a laghdaíonn costais den sórt sin an méid a fhaigheann an táirgeoir onnmhairiúcháin agus a íocann an t-allmhaireoir de ghnáth ([79]). Go deimhin, d'aontaigh an Chúirt Ghinearálta in *Azot* leis an gCoimisiún '*go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh costais arna dtabhú ag idirghabhálaithe roimh allmhairiú mar chuid den phraghas onnmhairiúcháin a íocadh iarbhír. Murach sin, d'fhéadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin roinnt idirghabhálaithe gaolmhara atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach a úsáid chun praghsanna onnmhairiúcháin a bhoilsciú go saorga*' ([80]). Dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais an cur chuige sin, chun cuspóir Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán a shaothrú. Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní bhainfí an cuspóir sin amach dá bhféadfadh táirgeoir onnmhairiúcháin a dhíolacháin a struchtúrú ar bhealach lena n-áiritheofaí go mbeadh idirghabhálaí bainteach leis, sula n-allmhairítear an táirge lena mbaineann isteach san Aontas, rannpháirteach ann, ar idirghabhálaí é a ghlacfadh freagracht as na costais a íocann allmhaireoir de ghnáth, chun an praghas onnmhairiúcháin a d'íoc an t-allmhaireoir iarbhír a mhéadú ([81]).

(146) I bhfianaise a bhfuil thuas, thug an Coimisiún dá aire maidir le trádálaithe atá comhlachaithe leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin atá lonnaithe sa tSín nó i dtríú tíortha '*gur ghlac sé freagracht as na costais [...] a íocann allmhaireoir de ghnáth, de réir bhrí Airteagal 2(9) den bhun-[R]ialachán], rud a thugann údar le coigeartú ina leith sin*' ([82]). Thairis sin, is cuid den phraghas onnmhairiúcháin a íoctar iarbhír iad na costais sin, agus méadaíonn siad an praghas onnmhairiúcháin sin ar an gcaoi sin.

(147) Bhí na costais SGA a úsáideadh chun críche an choigeartaithe bunaithe ar na sonraí a chuir na páirtithe comhlachaithe ar fáil. Maidir leis an gcoigeartú le haghaidh brabúis, ar chúiseanna rúndachta, níorbh fhéidir mionsonraí maidir le measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach brabúis a cuireadh i bhfeidhm a nochtadh ach amháin don chuideachta lena mbaineann.

3.4. **Comparáid**

(148) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

([78]) Féach breithiúnas an 7 Márta 2024, *AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot' v An Coimisiún Eorpach*, C-725/22, ECLI:EU:C:2024:217, míreanna 67 agus 72.

([79]) Breithiúnas an 14 Márta 1990, *Gestetner Holdings plc v an Chomhairle agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, C-156/87, ECLI:EU:C:1990:116, mír 31.

([80]) Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022, *AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot' v An Coimisiún Eorpach*, T-865/19, ECLI:EU:C:2022:559, mír 99.

([81]) Breithiúnas an 7 Márta 2024, *AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot' v An Coimisiún Eorpach*, C-725/22, ECLI:EU:C:2024:217, mír 66.

([82]) Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022, *AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot' v An Coimisiún Eorpach*, T-865/19, ECLI:EU:C:2022:559, mír 117.

3.4.1. *Coigeartuithe arna ndéanamh ar an ngnáthluach*

(149) Mar a mhínítear in aithris (46), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

3.4.2. *Coigeartuithe arna ndéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(150) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar na nithe seo a leanas: costais lasta, árachais, láimhseála, lódála agus choimhdeacha agus speansais eile, amhail costais tástála táirgí agus táillí imréitigh custaim.

(151) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(152) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus 2(12) den bhun-Rialachán.

(153) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd.	211,5
Shandong FY Feed Technology Co., Ltd.	558,2
Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd.	558,2

(154) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(155) Ar an mbonn sin, is é 392,3 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(156) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás sin ós rud é go raibh thart ar 95 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta chomhoibríoch sampláilte a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(157) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd.	211,5
Shandong FY Feed Technology Co., Ltd.	558,2
Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd.	558,2
Cuideachtaí comhoibríocha eile	392,3
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	558,2 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(158) Rinne trí tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(159) Suíodh gur thart ar [60 000 - 65 000] tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na sonraí fíoraithe a bhí i bhfreagraí na ngearánach ar an gceistneoir agus ar bhonn an fhreagra ar an macraicheistneoir a chuir ionadaí dlíthiúil na ngearánach isteach, lena n-áirítear freisin sonraí ábhartha an tríú táirgeoir de chuid an Aontais, Algry Quimica. Sholáthair an Coimisiún raon, ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (183) thíos.

(160) D'áitigh CFNA gur cheart triomadóirí neamhspleácha a mheas mar tháirgeoirí clóiríde coilín, toisc gur gníomhaíocht táirgthe shubstaintiúil é an próiseas triomaithe.

(161) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire, sular tionscnaíodh an t-imscrúdú, nár thug dhá thriomadóir aitheanta freagra ar an bhfoirm sheasta a sheol an Coimisiún chuig gach táirgeoir agus triomadóir aitheanta. Ina theannta sin, nuair a chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na triomadóirí neamhspleácha aitheanta arís ag an gcéim thionscnaimh, níor tháinig ach ceann amháin acu chun cinn an-déanach agus chláraigh sé mar pháirtí leasmhar. Mar sin féin, níor chomhoibrigh sé a thuilleadh leis an imscrúdú. Dhearbhaigh an páirtí sin gur úsáideoir é féin.

(162) Ar an dara dul síos, de réir an ghearáin agus mar a deimhníodh san imscrúdú, is í an chéim chinntitheach táirgthe lena linn a n-éiríonn an úsáid a bhaintear as na hamhábhair clóiríde coilín cinnte, agus ina dtugtar a gcáilíochtaí sonracha dóibh, an chéim a mhínítear in aithris (26) thuas agus as a dtagann táirgeadh clóiríde coilín leachtaí. I gcodarsnacht leis sin, baineann an próiseas triomaithe a shonraítear in aithris (27) thuas le clóiríd choilín a thiontú óna foirm leachtach go clóiríd choilín sholadach. Dá bhrí sin, tá an próiseas triomaithe i bhfad níos simplí agus níos meicniúla, agus ní bhíonn aon athrú (fóinteach) ar chomhdhéanamh ceimiceach ná ar úsáidí na clóiríde coilín mar thoradh air. Dá bhrí sin, tiontaíonn triomadóirí an táirge faoi imscrúdú ó fhoirm táirge amháin go foirm táirge eile.

(163) Ar an tríú dul síos, is dhá tháirgeoir lán-chomhtháite a mhonaraíonn clóiríd choilín i bhfoirm leachtach agus sholadach araon agus táirgeoir amháin nach monaraíonn ach clóiríd choilín leachtach atá sna trí tháirgeoir arb ionann iad agus tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, fiú dá gceannódh na triomadóirí neamhspleácha ó tháirgeoirí an Aontais agus dá n-allmhaireoidís ón tSín, chumhdófaí a sonraí díolachán cheana féin leis an tomhaltas iomlán a suíodh agus dá gcuirfí san áireamh iad sa bhreis, d'ardófaí saincheist maidir le comhaireamh dúbailte maidir le méideanna acmhainneachta, táirgeachta agus díolachán, agus ní mhéadófaí ach fostaíocht thionscal an Aontais dá n-áireofaí iad. Dá bhrí sin, fiú dá measfaí na triomadóirí a bheith mar chuid de thionscal an Aontais, ní bheadh difríocht mhór idir na táscairí díobhála mar gheall ar thionchar imeallach na dtriomadóirí neamhspleácha ar na táscairí sin.

(164) D'áitigh CFNA freisin gur cheart don Choimisiún anailís díobhála dheighilte a dhéanamh ar chlóiríd choilín i bhfoirm leachtach agus sholadach, toisc gur mheas sé nach féidir staid dumpála iarbhír gach ceann acu a léiriú go cruinn in imscrúdú comhchoiteann ar na catagóirí táirgí éagsúla sin.

(165) Thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh gá a bheith le hanailís díobhála dheighilte sna cásanna seo a leanas: a) níl na táirgí i gceist 'idirmhalartaithe go leor'; b) 'tá cás ar leith ann ina bhfuil comhchruinniú ard díolachán intíre agus allmhairí dumpáilte i ndeighleoga ar leithligh agus ina bhfuil difríochtaí praghais atá an-mhór idir na deighleoga sin'; agus c) tá allmhairí 'comhchruinnithe den chuid is mó i gceann amháin de dheighleoga an mhargaidh' ([83]).

([83]) Cás C-478/21 P, CCCME agus Eile v An Coimisiún, míreanna 167-169.

(166) I ndáil leis sin, chinn an Coimisiún san imscrúdú seo go bhfuil praghsanna clóiríde coilín i bhfoirm leachtach agus sholadach inchomparáide agus go bhféadfaidh tomhaltóirí an táirge faoi imscrúdú a cheannach i bhfoirm leachtach nó sholadach araon, de réir a riachtanais ghnó agus treochtaí agus forbairtí an mhargaidh á gcur san áireamh, rud a léiríonn idirmhalartacht leordhóthanach idir an dá chineál clóiríde coilín. Maidir leis na breithnithe thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ó CFNA.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(167) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn shonraí díolachán an Aontais maidir le clóiríd choilín a áiríodh i dtuarascáil faisnéise margaidh a soláthraíodh sa ghearán ([84]), a tugadh cothrom le dáta le méideanna díolachán fíoraithe thionscal an Aontais, agus úsáid á baint as figiúirí allmhairiúcháin Eurostat. Mínítear an mhodheolaíocht mhionsonraithe i Nóta a ghabhann leis an gComhad ([85]).

(168) Tugtar tomhaltas iomlán an Aontais, chomh maith le sciartha den mhargadh agus méideanna díolachán i dtáblaí ina dhiaidh sin, i raonta ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (183) thíos.

(169) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[70 300-76 300]	[72 900-78 900]	[60 900-66 900]	[61 225-67 225]
Innéacs	*100*	*102*	*87*	*88*

Foinse: Gearán, tionscal an Aontais, Eurostat

(170) Tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais ó 2021 go 2022 tar éis an téarnaimh ó phaindéim COVID-19, ansin tháinig laghdú air in 2023 agus tháinig méadú beag air le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(171) Déantar clóiríd choilín a allmhairiú faoi roinnt cóid AC, a bhfuil táirgí eile san áireamh i gcuid acu freisin. Suíodh sciar na Síne d'allmhairí iomlána clóiríde coilín faoi na cóid chustaim ábhartha ar bhonn a sciar d'allmhairí faoi chód TARIC 2923 10 00 90, toisc nach mbaineann an cód TARIC sin ach amháin le clóiríd choilín ([86]).

(172) Ar an mbonn sin, seo a leanas mar a bhí forbairt na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	18 078	14 088	20 024	22 626
Innéacs	*100*	*78*	*111*	*125*

([84]) Iarscríbhinn 10 den ghearán (leagan oscailte).
([85]) Tá na sonraí le fáil i Nóta a ghabhann leis an gComhad t25.005185.
([86]) Ibid.

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Sciar den mhargadh (%)	[23-26]	[17-20]	[29-33]	[32-37]
Innéacs	*100*	*76*	*128*	*142*

Foinse: Eurostat.

(173) Tháinig laghdú 4 000 tona ar allmhairí ón tSín in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ach tháinig méadú géar 6 000 tona orthu in 2023. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fuair an sciar den mhargadh a bhí ag onnmhairí na Síne [6-14] phointe céatadáin sa sciar den mhargadh ó 2022 ag dul ó [23 %-26 %] go [32 %-37 %].

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(174) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann ar bhonn phraghsanna na n-allmhairí faoi chód TARIC 2923 10 00 90, arb é an t-aon chód custaim é nach gcumhdaíonn ach an táirge faoi imscrúdú. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn na sonraí fíoraithe a sholáthair táirgeoirí onnmhairithe sampláilte sa tSín agus an dá ghearánach.

(175) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairí (EUR/tona)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An tSín	1 047	2 057	1 029	959
Innéacs	*100*	*197*	*98*	*92*

Foinse: Eurostat.

(176) Tháinig méadú beagnach faoi dhó ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tSín in 2022 mar gheall ar chostais arda lasta, rud ba chúis le laghdú nach beag ar mhéideanna allmhairí ón tír lena mbaineann. A bhuí leis an imthoisc shealadach sin agus le dálaí fabhracha an mhargaidh, d'fhéadfadh tionscal an Aontais a sciar den mhargadh a chosaint in 2022. In 2023, tháinig laghdú 50 % ar phraghas allmhairiúcháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ag dul beagán faoi bhun leibhéal 2021. Lean an treocht íslitheach ar aghaidh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú 7 % eile ar an bpraghas allmhairiúcháin ón mbliain roimhe sin. Is féidir an laghdú sin a mhíniú leis an straitéis ionsaitheach margaidh a ghlac onnmhaireoirí na Síne.

(177) D'fhan praghsanna tugtha i dtír na Síne faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé is moite de 2022 nuair a bhí tionchar ag géarchéimeanna fuinnimh intíre agus srianta COVID-19 ar an tSín, agus tháinig laghdú ar onnmhairí clóiríde coilín chuig an Aontas.

(178) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna ualaithe in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin; agus

(2) na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na ngearánach arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha.

(179) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na ngearánach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 35 % agus 41 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

(180) Bhreithnigh an Coimisiún éifeachtaí praghais eile, go háirithe cúngú nach beag ar phraghsanna. Mar a luaitear sna haithrisí (191) agus (201), tar éis 2021 tháinig méadú mór ar a chostais táirgthe aonaid i dtionscal an Aontais, arna spreagadh go háirithe ag méadú láidir ar chostas fuinnimh agus costais sheasta níos airde ar bhonn aonaid mar gheall ar ráta úsáide acmhainneachta níos ísle. Roimh an tréimhse imscrúdúcháin agus lena linn, tháinig laghdú mór ar phraghas na n-allmhairí ón tSín ach tháinig méadú mór ar na méideanna ábhartha, agus dá bhrí sin ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghas díola a mhéadú chun a chostas táirgthe a chumhdach. Bhain caillteanas brabúsachta le tionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh ar an sochtadh praghsanna sin.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(181) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(182) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha.

(183) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí san fhreagra ar an macraicheistneoir; na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Soláthraítear na sonraí maicreacnamaíocha i raonta, ós rud é nach bhfuil ach trí tháirgeoir de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil agus go bhfuil an tríú táirgeoir an-bheag i gcomparáid leis an dá ghearánach. Níor thug an páirtí sin, Algry Química S.L., freagra ar an gceistneoir ach sholáthair sé na sonraí ba ghá don fhreagra ar an macraicheistneoir ó thionscal an Aontais ina iomláine. Dá bhrí sin, dá soláthrófaí na macrashonraí beachta, bheadh gach gearánach in ann léargas an-mhaith a bheith acu ar oibríochtaí a n-iomaitheoirí díreacha.

(184) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug an dá ghearánach ar an gceistneoir.

(185) Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(186) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(187) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(188) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (tonaí)	[87 500-92 500]	[87 500-92 500]	[65 000-70 000]	[60 000-65 000]
Innéacs	*100*	*102*	*74*	*71*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[125 000-135 000]	[125 000-135 000]	[125 000-135 000]	[125 000-135 000]
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta	[65 %-70 %]	[65 %-70 %]	[50 %-55 %]	[45 %-50 %]
Innéacs	*100*	*102*	*74*	*71*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir.

(189) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan táirgeacht iomlán an Aontais cobhsaí ó 2021 go 2022. Tháinig laghdú mór uirthi ansin in 2023 faoi níos mó ná 25 % agus lean sí de bheith ag laghdú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'fhan acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais atá oiriúnaithe do chlóiríd choilín ar an leibhéal céanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(190) Mar gheall ar an laghdú géar ar tháirgeadh agus an acmhainneacht táirgeachta fós gan mhodhnú, lean an úsáid acmhainneachta an patrún táirgeachta íslitheach céanna.

(191) Mar iarmhairt dhíreach ar na breithnithe thuas in aithrisí (189) go (190), tháinig méadú nach beag ar an gcostas táirgthe aonaid, le méadú foriomlán [20 %-35 %] le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(192) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[48 000-54 000]	[49 000-55 000]	[39 000-45 000]	[38 000-44 000]
Innéacs	*100*	*101*	*78*	*77*
An sciar den mhargadh (%)	[65-70]	[64-69]	[58-64]	[56-62]

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir, *Eurostat*.

(193) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan cainníocht díolachán an Aontais cobhsaí sa chéad bhliain, le méadú 1 % in 2022. In 2023, tháinig laghdú mór 22 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tharla an titim sin i gcomhthráth le méadú mór 6 000 tona ar allmhairí ón tSín, agus titim 15 % ar thomhaltas. Dá dheasca sin, tháinig laghdú tapa ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó [65 %-70 %] in 2021 go [58 %-64 %] in 2023. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin lean tionscal an Aontais de mhéideanna díolachán agus sciar den mhargadh a chailleadh.

4.4.2.3. Fás

(194) Tháinig laghdú 15 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig laghdú [3-14] phointe céatadáin ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, agus tháinig méadú níos mó ná 4 500 tona nó 42 % ar allmhairí ón tSín.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(195) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)	[160-175]	[165-180]	[165-180]	[160-175]
Innéacs	*100*	*102*	*102*	*99*
Táirgiúlacht (tonaí/ coibhéis lánaimseartha)	[520-550]	[520-550]	[370-400]	[370-400]
Innéacs	*100*	*100*	*72*	*72*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir.

(196) Choinnigh tionscal an Aontais lucht saothair cobhsaí, le méadú beag in 2023 agus laghdú beag sa tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn an éabhlóid sin an treocht i dtáirgeacht agus díolacháin na bliana roimhe sin, ós rud é go ndearnadh oibrithe sealadacha a chobhsú go conarthach de réir threocht dhearfach tháirgeacht agus dhíolacháin 2022.

(197) Lean táirgiúlacht an laghdú ar an gcainníocht a táirgeadh cé gur fhan an fhostaíocht cobhsaí; spreag sé sin laghdú ollmhór ar tháirgiúlacht, ar tháinig laghdú 32 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(198) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(199) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(200) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na ngearánach le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díolachán san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	[975-1 120]	[1 365-1 670]	[1 195-1 465]	[970-1 190]
Innéacs	*100*	*139*	*122*	*99*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[860-1 060]	[1 150-1 410]	[1 110-1 360]	[1 080-1 325]
Innéacs	*100*	*133*	*129*	*125*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ón dá ghearánach.

(201) In 2022, tháinig méadú 33 % ar an gcostas táirgthe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar gheall ar an mborradh ar phraghsanna fuinnimh agus bhí tionscal an Aontais in ann an méadú costais sin a léiriú ina phraghsanna díola, ar tháinig méadú 39 % orthu. In 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú 29 % ar phraghsanna díola thionscal an Aontais i gcomparáid le 2022 cé gur tháinig laghdú i bhfad níos lú, 6 %, ar a chostas táirgthe. Tharla an meath ó 2023 mar gheall ar mhéadú mór ar allmhairí ar phraghas íseal ón tSín tar éis moilliú in 2022 (go háirithe mar gheall ar chostais arda iompair), agus mar thoradh ar an méadú sin ar allmhairí ón tSín tharla sochtadh praghsanna ar deireadh, sochtadh a tharla in 2023 ar dtús agus a chuaigh in olcas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.3.2. Costais saothair

(202) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na ngearánach le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[74 550-77 590]	[82 335-85 700]	[90 120-93 800]	[91 580-95 320]
Innéacs	*100*	*110*	*121*	*123*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ón dá ghearánach.

(203) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 23 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí. Eascraíonn an méadú as an laghdú ar tháirgiúlacht, cé gur fhan an lucht saothair cobhsaí, mar a mhínítear in aithrisí (196) agus (197).

4.4.3.3. Fardail

(204) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na ngearánach le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	[2 845-3 480]	[4 320-5 285]	[3 825-4 675]	[2 545-3 110]
Innéacs	*100*	*152*	*134*	*89*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	[3,2-4]	[5-5,8]	[6,2-7]	[4,2-5]
Innéacs	*100*	*150*	*183*	*127*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ón dá ghearánach.

(205) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 11 % ar an leibhéal fardal, ag leanúint treocht fhoriomlán an laghdaithe ar tháirgeacht. Tháinig méadú nach beag ar an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht in 2023, nuair a tháinig laghdú mór ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais tar éis an mhéadaithe mhóir ar allmhairí ón tSín agus tar éis lagú an éilimh.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(206) Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ag na gearánaigh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[8-9]	[13-16]	[6-7]	[- 11- - 13]
Innéacs	*100*	*171*	*76*	*- 139*
Sreabhadh airgid (EUR)	[3 600 000-4 000 000]	[14 000 000-17 300 000]	[3 200 000-4 000 000]	[- 7 100 000- - 8 800 000]
Innéacs	*100*	*389*	*90*	*- 198*
Infheistíochtaí (EUR)	[2 140 000-2 630 000]	[2 410 000-2 955 000]	[1 315 800-1 610 000]	[2 077 750-2 540 000]
Innéacs	*100*	*112*	*61*	*97*
Toradh ar infheistíochtaí	[13 %-16 %]	[67 %-82 %]	[8 %-10 %]	[- 47 %- - 57 %]
Innéacs	*100*	*500*	*63*	*- 351*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ón dá ghearánach.

(207) Shuigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tar éis an bhliain ba láidre in 2022, tháinig meath tapa ar bhrabúsacht thionscal an Aontais agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhain caillteanas mór le tionscal an Aontais. Tharla an meath ar bhrabúsacht, agus na príomhtháscairí airgeadais eile a dtugtar aghaidh orthu thíos, i gcomhthráth leis an méadú ar allmhairí ón tSín agus leis an sochtadh praghsanna a tharla ina dhiaidh sin dá thoradh.

(208) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas thionscal an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i sreabhadh airgid glan go diúltach ar bhealach comhchosúil le brabúsacht, ag tosú le laghdú géar in 2023 roimh theacht ar neamhábaltacht a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú sa tréimhse imscrúdúcháin, ag léiriú sreabhadh airgid diúltach le laghdú 98 bpointe céatadáin.

(209) Luainigh glaninfheistíochtaí, le linn fhormhór na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhréir leis an leibhéal táirgeachta agus díolachán, cé is moite den tréimhse imscrúdúcháin, nuair a tháinig méadú orthu d'ainneoin méideanna díolachán níos ísle. Bhain cuid mhór d'infheistíochtaí a rinneadh sa tréimhse imscrúdúcháin le hathsholáthar agus cuíchóiriú sceidealaithe an trealaimh a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh.

(210) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'fhorbair sé de réir threocht na ndíolachán agus na brabúsachta, le feidhmíocht mhaith in 2022 agus ag dul faoi mheath tábhachtach in 2023, le laghdú 87 %. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'éirigh an toradh ar infheistíochtaí diúltach, ag cailleadh 351 phointe céatadáin le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

(211) Rinne an meath nach beag ar shreabhadh airgid agus brabúsacht a tugadh faoi deara le linn na tréimhse faoi bhreathnú dochar do chumas na ngearánach caipiteal a thiomsú.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(212) Léirigh na príomhtháscairí díobhála uile treocht dhiúltach ó 2023 ar aghaidh agus rinneadh díobháil do staid fhoriomlán thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(213) Tháinig laghdú 29 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais agus tháinig laghdú 23 % ar dhíolacháin an Aontais, rud a sháraigh go mór an laghdú 12 % ar thomhaltas. An tráth céanna, bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar mhéadú [20 %-35 %] ar a chostas táirgthe agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin ní fhéadfadh sé a léiriú fiú cuid den mhéadú costais sin ina phraghsanna díola. Dá bhrí sin, bhí caillteanas mór tagtha ar thionscal an Aontais agus léiríodh an meath mór ar staid thionscal an Aontais, go háirithe ó 2023 i leith, i bhforbairt príomhtháscairí eile, amhail sciar den mhargadh, táirgiúlacht agus úsáid acmhainneachta.

(214) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(215) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais an tráth céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh i leith na n-allmhairí dumpáilte aon díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh tosca seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais, méadú ar phraghsanna amhábhar agus fuinnimh agus an laghdú ar thomhaltas.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(216) Mar a leagtar amach in aithris (172), tháinig méadú 25 % ar mhéid allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín, rud a d'fhág gur tháinig méadú [6-14] phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse céanna, mar a leagtar amach i roinn 4.4.2.2 thuas, ní raibh tionscal an Aontais in ann dul in iomaíocht le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus tháinig laghdú 23 % ar a mhéid díolachán agus laghdú [3-14] phointe céatadáin ar a sciar den mhargadh. Tharla sé sin i gcomhthéacs inar laghdaigh tomhaltas an Aontais go mór amhail ó 2023 agus le laghdú 12 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(217) Mar a léirítear in aithris (179), bhí sladghearradh nach beag á dhéanamh ag allmhairí na Síne ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus bhí a bpraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais fiú nuair a laghdaigh tionscal an Aontais a phraghsanna amhail ó 2023 níos mó ná an laghdú beag ar an gcostas táirgthe mar gheall ar láithreacht mhéadaithe allmhairí ar phraghas íseal ón tSín ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, bhí sochtadh mór praghsanna in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh ar allmhairí na Síne, rud a d'fhág go raibh caillteanas mór á dhéanamh ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(218) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tSín, ar phraghsanna a bhí ag déanamh sladghearradh agus sochtadh mór ar phraghsanna an Aontais, díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(219) Chun méideanna na n-allmhairí clóiríde coilín ó thríú tíortha eile a shuí, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairí ón tSín agus mar a mhínítear in aithris (171) thuas. Dá bhrí sin, i gcás tríú tíortha eile, suíodh sciar na n-allmhairí iomlána clóiríde coilín faoi na cóid chustaim ábhartha ar bhonn a sciar d'allmhairí faoi chód TARIC 2923 10 00 90, toisc nach mbaineann an cód TARIC sin ach amháin le clóiríd choilín ([87]).

(220) I gcomhréir freisin leis an modheolaíocht a úsáideadh maidir leis an tSín (féach Tábla 4 thuas), maidir le praghsanna allmhairí ó thíortha eile, shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn praghsanna allmhairí clóiríde coilín faoi chód TARIC 2923 10 00 90.

(221) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid agus ar phraghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an India	Cainníocht (tonaí)	1 168	2 598	1 672	1 709
	Innéacs	*100*	*222*	*143*	*146*
	Sciar den mhargadh (%)	[1,2-2,0]	[3,1-3,8]	[2,3-2,9]	[2,3-2,9]
	Meánphraghas (EUR/ tona)	2 194	2 930	2 925	2 625
	Innéacs	*100*	*134*	*133*	*120*
Tíortha eile	Cainníocht (tonaí)	3 415	6 916	2 290	1 380
	Innéacs	*100*	*203*	*67*	*40*
	Sciar den mhargadh (%)	[4,3-5]	[8,5-9,8]	[3,0-4,0]	[1,8-2,4]
	Meánphraghas (EUR/ tona)	2 402	2 714	5 028	4 828
	Innéacs	*100*	*113*	*209*	*201*

([87]) Tá na sonraí le fáil i Nóta a ghabhann leis an gComhad t25.005185.

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	4 583	9 514	3 962	3 089
	Innéacs	*100*	*208*	*86*	*67*
	Sciar den mhargadh (%)	[5,4-7,0]	[11,8-13,2]	[5,4-7,0]	[4,1-5,3]
	Meánphraghas (EUR/ tona)	2 495	2 902	4 150	3 627
	Innéacs	*100*	*116*	*166*	*145*

Foinse: Eurostat.

(222) De réir na faisnéise sa ghearán, cé is moite den Aontas agus den tSín, is eol go dtáirgtear clóiríd choilín i Stáit Aontaithe Mheiriceá, san India agus i Meicsiceo.

(223) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba í an India an t-aon tír eile seachas an tSín a raibh sciar den mhargadh níos mó ná 2 % aici go seasta. Shroich sí sciar [2,3 %-2,9 %] den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, bhí praghsanna na n-allmhairí sin i bhfad níos airde ná praghsanna ón tSín agus ó thionscal an Aontais.

(224) Ba allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ó Vítneam den chuid is mó a bhí i gceist le hallmhairí ó thríú tíortha eile. Luainigh a sciar comhiomlánaithe den mhargadh thart ar 3 %-4 %, cé is moite de 2022 nuair a tháinig méadú as cuimse ar allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá mar gheall ar an éileamh láidir san Aontas agus laghdú sealadach ar allmhairí ón tSín.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(225) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Díolacháin onnmhairiúcháin

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[37 000-39 000]	[37 000-39 000]	[25 000-27 000]	[23 000-25 000]
Innéacs	*100*	*100*	*69*	*63*
Meánphraghas (EUR/tonaí)	[845-1 033]	[1 285-1 571]	[1 086-1 327]	[875-1 069]
Innéacs	*100*	*152*	*128*	*103*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir agus freagra ar an gceistneoir ón dá ghearánach.

(226) Lean meánphraghsanna díola na n-onnmhairí treocht atá cosúil le treocht na ndíolachán intíre, ach ní raibh an laghdú ar phraghsanna díola ó 2023 chomh mór céanna leis an titim a chonacthas i margaí baile thionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, thit méid díolachán onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, arbh ionann é agus [32 %-47 %] den mhéid táirgeachta iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níos mó fós ó 2023 ná a mhéideanna díolachán ar mhargadh an Aontais (37 % i gcomparáid le 23 %). De réir na faisnéise sa ghearán, bhain díobháil do thionscal an Aontais freisin mar gheall ar iomaíocht ó allmhairí ar phraghas íseal ón tSín ina margaí onnmhairiúcháin. Léiríonn sé sin, i staid dheacair an mhargaidh mar gheall ar allmhairí ón tSín, go raibh tionscal an Aontais ag díriú ar an oiread sciar den mhargadh agus ab fhéidir a chaomhnú ar a mhargadh is tábhachtaí ó thaobh méide de, i.e. margadh an Aontais.

(227) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go bhféadfadh sé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais leis an díobháil a suíodh toisc go raibh na méideanna a cailleadh mór. Mar sin féin, níor mhaolaigh sé an fíornasc cúisíoch substaintiúil idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a fuarthas.

5.2.3. *Méadú ar amhábhair agus ar phraghsanna fuinnimh*

(228) In 2022, tháinig méadú nach beag ar phraghas an fhuinnimh ([88]) tar éis an tsuaite idirnáisiúnta mar gheall ar éagobhsaíocht gheopholaitiúil, rud a léirigh méadú 35 % i gcomparáid le 2021. Ar an gcaoi chéanna, tháinig borradh faoin ráta boilscithe in 2022 agus 2023 ([89]), rud a d'fhág gur tháinig méadú ar phraghas na n-amhábhar. Bhí tionchar díreach ag méadú foriomlán den sórt sin ar phraghsanna ar chostas táirgthe tháirgeoirí an Aontais, rud a léiríonn méadú 33 % in 2022 ón mbliain roimhe sin. D'fhéadfadh tionscal an Aontais, áfach, an méadú mór ar chostais mar gheall ar an ardú sin ar amhábhair agus ar phraghsanna fuinnimh a chur ar aghaidh tríd an bpraghas díola le custaiméirí a mhéadú 39 % sa bhliain chéanna agus thaifead sé brabús sláintiúil. Ina dhiaidh sin, in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar phraghsanna fuinnimh agus ar chostas táirgthe clóiríde coilín go leibhéil a bhí inchomparáide le tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(229) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár chuir an costas táirgthe méadaithe de bharr an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh agus amhábhar san Aontas leis an díobháil ábhartha a fuarthas, más ann dó ar chor ar bith.

5.2.4. *Laghdú ar thomhaltas*

(230) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 12 % ar thomhaltas. Rinne an Coimisiún anailís féachaint an raibh an laghdú sin ar thomhaltas ina chúis díobhála do thionscal an Aontais.

(231) Rinne an Coimisiún grinnscrúdú ar fhorbairt an tomhaltais sa tréimhse faoi bhreathnú, agus chinn sé gur tharla an laghdú ar thomhaltas in 2023, agus sa bhliain sin, bhí tionscal an Aontais fós ag déanamh brabús [6 %-7 %]. Ba le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a tháinig méadú beag ar thomhaltas, a d'iompaigh táscairí airgeadais thionscal an Aontais diúltach. An tráth céanna, anuas ar méadú mór orthu cheana féin in 2023, lean allmhairí ón tSín ag méadú 13 % eile sa tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh sé gur chuir an laghdú ar thomhaltas leis an díobháil a fuarthas, ach nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil.

5.2.5. *Tosca eile*

(232) Ag an gcéim seo den imscrúdú, níor shainaithin an Coimisiún tosca ábhartha eile, ná níor cuireadh ar an eolas é faoi thosca ábhartha eile a chuir le díobháil do thionscal an Aontais a chinneadh.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(233) Léirítear san anailís thuas gur tháinig méadú mór amhail ó 2023 ar mhéid na n-allmhairí de thionscnamh na Síne. Mar thoradh ar phraghsanna ísle na n-allmhairí dumpáilte sin ón tSín, tháinig laghdú mór leanúnach ar a sciar den mhargadh, in ainneoin gur laghdaigh tionscal an Aontais a phraghsanna díola go leibhéil neamh-inbhuanaithe. Mar thoradh air sin, tháinig meath tromchúiseach ar a staid airgeadais agus, dá bhrí sin, bhain caillteanas mór do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gcaoi sin shuigh an Coimisiún fíornasc cúisíoch substaintiúil idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(234) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Mar sin féin, ní raibh ann d'éifeacht na dtosca sin ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais nó bhí sí teoranta ar a mhéad.

([88]) *Foinse*: An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh – https://www.iea.org/reports/electricity-2025/prices.
([89]) *Foinse:* an Banc Ceannais Eorpach - https://www.ecb.europa.eu/stats/macroeconomic_and_sectoral/hicp/html/index.en.html.

(235) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard atá sa díobháil, *inter alia*, caillteanas i ndáil le táirgeacht, díolacháin, sciar den mhargadh agus brabúsacht.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(236) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. Corrlach díobhála

(237) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(238) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(239) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Ós rud é go raibh tionchar ag an méadú géar ar allmhairí ar phraghsanna ísle in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an meánbhrabús a rinneadh le linn an 2 bhliain roimhe sin a shuí mar bhrabús bunúsach, nuair nach raibh allmhairí chomh mór sin go fóill gur laghdaigh siad brabúsacht thionscal an Aontais. Ba é 7.3 % meánbhrabús ualaithe an dá ghearánach in 2021 agus 2022.

(240) Sholáthair ceann de na gearánaigh fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar bhonn pleananna infheistíochta agus tionscadail a cuireadh siar de chuid thionscal an Aontais. Go deimhin, fuarthas go raibh údar le maímh na cuideachta sin. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Is 0,1 % a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, i gcás na cuideachta lena mbaineann, a cuireadh lena bunbhrabús de 7,3 % a luaitear in aithris (239), agus a raibh spriocbhrabús de 7,3 go 7,4 % aici dá thoradh sin.

(241) Ar an mbonn sin, is é [1 048 – 1 307] EUR/tona an praghas neamhdhíobhálach, mar thoradh ar an gcorrlach brabúis thuasluaite de 7,3 go 7,4 % a chur i bhfeidhm ar an gcostas táirgthe le linn thréimhse imscrúdúcháin an dá ghearánach.

(242) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus a fíoraíodh le linn na bhfíoruithe ar an láthair, shuigh an Coimisiún costas breise EUR [3,5-4,5] in aghaidh an tona le haghaidh ceann de na cuideachtaí lena mbaineann. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris (241).

(243) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach [1 191-1 316] EUR/tona le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite (féach aithris (240)) a chur le costas táirgthe an dá ghearánach le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(244) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag an dá ghearánach ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(245) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (154) go (156)).

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd.	211,5	120,8
Shandong FY Feed Technology Co., Ltd.	558,2	95,4
Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd.	558,2	95,4
Cuideachtaí comhoibríocha eile	392,3	99,8
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	558,2	120,8

7. **LEAS AN AONTAIS**

(246) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán.

(247) Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(248) Chomhoibrigh an dá ghearánach go hiomlán leis an imscrúdú, agus chomhoibrigh an tríú táirgeoir, Algry Quimica, leis an imscrúdú trí shonraí a sholáthar chun an freagra ar an macraicheistneoir a chur i gcrích. Chuir siad uile in iúl go raibh siad i bhfabhar bearta a fhorchur.

(249) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais arb iad na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann is cúis léi. D'fheidhmigh na hallmhairí sin sochtadh mór praghsanna, rud a chuir iallach ar thionscal an Aontais díol faoi bhun an chostais. Dá thoradh sin, ba ann do chaillteanais mhóra i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, rinneadh sladghearradh mór ar phraghsanna thionscal an Aontais le hallmhairí ón tSín, agus ba é an méadú ar mhéid na n-allmhairí sin ba chúis le caillteanas mór ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais agus ar an sciar den mhargadh.

(250) Mar thoradh ar fhorchur beart, beidh praghsanna allmhairiúcháin níos airde ann agus athbhunófar cothrom iomaíochta ar mhargadh an Aontais. Dá réir sin, is féidir coinne a bheith leis go gcuirfidh na bearta moill ar an méadú ar allmhairí ar phraghas íseal ón tSín. Chuirfeadh sé sin ar a chumas do thionscal an Aontais sciar den mhargadh a fháil ar ais agus, ar an gcaoi sin, méideanna díolachán a fháil ar ais, agus a phraghsanna díolacháin a athbhunú go leibhéil inbhuanaithe, rud a chuirfeadh ar chumas thionscal an Aontais dul ar aghaidh leis na hinfheistíochtaí sceidealaithe is gá freisin. Gan bearta, tiocfaidh méadú ar chaillteanais thionscal an Aontais ós rud é go bhfuil sé léirithe cé chomh díobhálach agus atá na méideanna agus praghsanna allmhairí ón tSín atá ann faoi láthair. Ní bheifear in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh a thuilleadh. Dá réir sin, cuirfear dlús le bís anuas thionscal an Aontais maidir le laghdú ar mhéideanna díolachán agus méadú ar chostais. Dá bhrí sin, beidh inmharthanacht thionscal an Aontais, a raibh leibhéil neamh-inbhuanaithe sroichte ag a bhrabúsacht cheana féin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i mbaol.

(251) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go rachadh sé chun leasa thionscal an Aontais bearta a fhorchur in aghaidh allmhairí ón tSín.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(252) Thug an dá allmhaireoir neamhchomhlachaithe atá gníomhach i ndeighleog an ghráid bia, Van Eeghen agus Kirsch Pharma GmbH, freagra ar an gceistneoir. Chuir siad in iúl go bhfuil siad i gcoinne bearta a fhorchur. Mar sin féin, in anailís ar na sonraí a sholáthair siad, go háirithe an láimhdeachas agus an bhrabúsacht tuairiscithe, ar an iomlán agus ar chlóiríd choilín, agus ar thoirt (íseal) a gceannachán clóiríde coilín, níor tugadh le fios go ndéanfadh forchur na mbeart difear ábhartha do cheachtar acu.

(253) In éagmais tuilleadh faisnéise ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, i bhfianaise a bhfuil thuas, thángthas ar an gconclúid shealadach nach dócha go ndéanfaidh forchur aon bheart frithdhumpála difear tromchúiseach do staid na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

7.3. **Leas úsáideoirí, tomhaltóirí agus soláthróirí**

(254) D'áitigh úsáideoir amháin i bhfabhar bearta a fhorchur arb é is aidhm dóibh cothrom iomaíochta a áirithiú i margadh clóiríde coilín an Aontais.

(255) Trí bhearta a fhorchur chun cothrom iomaíochta a athbhunú, áiritheofar slabhra soláthair cobhsaí clóiríde coilín i margadh an Aontais i bhfabhar úsáideoirí an Aontais.

(256) In éagmais tuilleadh faisnéise ó úsáideoirí, i bhfianaise a bhfuil thuas, thángthas ar an gconclúid shealadach nach dócha go ndéanfaidh forchur aon bheart frithdhumpála difear tromchúiseach do staid na n-úsáideoirí.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(257) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí clóiríde coilín ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann iad, le linn na céime seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(258) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(259) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí an táirge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh díobhála agus na corrlaigh dumpála in aithris (245) thuas i gcomparáid le chéile. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(260) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd.	120,8
Shandong FY Feed Technology Co., Ltd.	95,4
Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd.	95,4
Cuideachtaí comhoibríocha eile	99,8
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	120,8

(261) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(262) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(263) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(264) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, féadfar céatadán a thabhairt isteach, de réir an cháis, cé nach bhfuil sé inmholta, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(265) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(266) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(267) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(268) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(269) Fuarthas roinnt bharúlacha. Níor bhain na barúlacha a fuarthas, áfach, le cruinneas na ríomhanna, ach leis na modheolaíochtaí a d'úsáid an Coimisiún chun na corrlaigh dhumpála agus dhíobhála a chinneadh. Dá bhrí sin, breithneofar na barúlacha sin, in éineacht le gach aighneacht eile, tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(270) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(271) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí clóiríde coilín, i ngach foirm agus íonacht, bíodh sí ar iompróir nó ná bíodh, ag a bhfuil íoschion clóiríde coilín 30 % de réir meáchain, seachas teitrihiodráit chlóiríde choilín fosfairile chailciam ag a bhfuil uimhir CAS 72556-74-2, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 2923 10 00, ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, agus ex 3824 99 96 (cóid bhreise TARIC mar a liostaítear i mír 2 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo) agus atá de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Shandong Aocter Feed Additives Co., Ltd., Liaocheng City, Shandong Province, an tSín	120,8	89RB
Shandong FY Feed Technology Co., Ltd, Binzhou City, Shandong Province, an tSín	95,4	89RC
Shandong Yinfeng Biological Technology Co., Ltd. Zouping City, Shandong Province, an tSín	95,4	89RD
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	99,8	Féach an Iarscríbhinn
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	120,8	89YY

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) de chlóiríd choilín a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtíolactar an sonrasc seo, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/92.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh

Ainm	Cód breise TARIC
Liaoning Biochem Co., Ltd	89RE
Be-Long (North) Corporation	89RF
Shandong Jujia Biotech Co., Ltd	89RG
Taian Havay Chemicals Co., Ltd	89RH